



An tOmbudsman Pinsean
Pensions Ombudsman



Annual Report
2012
Tuarascáil Bhliantúil





Maidir linn

Is gníomhaireacht neamhspleách agus neamhchlaonta í Oifig an Ombudsman Pinsean chun gearáin faoi phinsin neamh-Stáit a fhiosrú agus a réiteach.

Cabhraímid le saoránaigh agus le soláthraithe pinsean d'fhonn an chumarsáid eatarthu a dhéanamh níos soiléire agus déanaimid moltaí chun an bealach a riartar pinsean a fheabhsú. Cuirimid oscailteacht agus ardchaighdeán riарtha pinsin chun cinn.

Tá sé d'údarás ag an Ombudsman Pinsean imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le:

- Scéimeanna Pinsean Ceirde,
- Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna), agus

- Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais (CBSanna).

De ghnáth cuireann comhaltaí scéime pinsin gearán chugainn má chailleann siad airgead ar a bpinsin nó má chreideann siad go bhfuil míriarachán á dhéanamh ar an gciste pinsin ag na hiontaobhaithe nó ag na riarthóirí. Déanaimid iarracht réiteach a dhéanamh ar ghearáin go neamhchlaonta, go neamhfhoirmiúil agus go tapa. D'fhéadfadh sé go mbeadh achar ama níos faide de dhíth chun roinnt cásanna níos casta a réiteach. Murar féidir linn déileáil le gearán faoi leith, mínítear cén fáth agus moltar bealaí eile chun an t-ábhar a réiteach.

Ní ghearrtar aon táillí ar dhaoine a chuireann gearán nó ábhar aighnis faoi bhráid na hOifige.

About us

The Office of the Pensions Ombudsman is an independent and impartial agency to investigate and resolve complaints about non-State pensions.

We help citizens and pension providers to communicate clearly with each other and we make recommendations to improve the way pensions are administered. We promote openness and quality in the administration of pensions.

The Pensions Ombudsman has the authority to investigate complaints concerning:

- Occupational Pension Schemes,
- Personal Retirement Savings Accounts (PRSAs), and

- Trust Retirement Annuity Contracts (RACs).

Typically, pension scheme members complain to us if they lose money on their pension or if they believe the pension fund is being mismanaged by the trustees or administrators. We try to resolve complaints impartially, informally and quickly. Some more complicated cases may take longer to resolve. If we can't deal with a particular complaint, we will explain why and try to suggest other ways of dealing with the matter.

We do not charge any fees to people who bring complaints or disputes before us.

An Clár Ábhair

Table of Contents

Réamhrá an Ombudsman		Ombudsman's Foreword	
Réamhrá an Stiúrthóra	4	Director's introduction	5
Rannán 1 - A ndearnamar 2012	7	Section 1 – What we did in 2012	7
Rannán 2 - Achoimre agus staitisticí maidir le cásanna 2012	23	Section 2 – Caseload summary and statistics 2012	23
Rannán 3 - Ar Fhoghlaimíomar sa Bhliain 2012	43	Section 3 – What we learned in 2012	43
Rannán 4 - Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo 2012	61	Section 4 – Examples of customer cases dealt with in 2012	61
Rannán 5 - Cuntais Airgeadais don bhliain 2012	85	Section 5 – Financial Accounts for 2012	85
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	88	Report of the Comptroller and Auditor General	89
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean	92	Statement of Responsibilities of the Pensions Ombudsman	93
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	94	Statement on Internal Financial Control	95
Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta	96	Statement of Accounting Policies	97
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, 2012	98	Income and Expenditure Account, 2012	99
Ráiteas maidir le nGnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlána, 2012	100	Statement of Total Recognised Gains and Losses, 2012	101
An Clár Comhardaithe, 2012	102	Balance Sheet, 2012	103
Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais	104	Notes to the Financial Statements	105
Conclúid	114	Conclusion	115
Aguisín A: An chaoi a ndéantar gearán a láimhseáil de ghnáth	118	Appendix A: How a complaint is normally handled	119
Aguisín B: An reachtaíocht rialaithe	120	Appendix B: Governing Legislation	121
Aguisín C: Cairt eagraíochta an 1 Eanáir, 2013	122	Appendix C: Organisation chart at 1 January 2013	123



Joan Burton Uasal, T.D.,
An tAire Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath 1
30 Aibreán 2013



An tOmbudsman Pinsean
Pensions Ombudsman

An tAire Coimirce Sóisialaí

A Aire,

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain 2012 a chur faoi do bhráid. Lena linn sin, is mian liom buíochas a ghabháil leat as an tacaíocht leanúnach a thug tú do m'Oifig agus dom féin go pearsanta.

Ba mhaith liom mo bhuíochas as an tacaíocht agus as an gcúnamh a thug an Roinn Coimirce Sóisialaí (faoina hainmneacha éagsúla) agus a hoifigigh dom thar na blianta ó bunaíodh an Oifig sa bhliain 2003 a chur ar taifead. Is mian liom buíochas a ghabháil go háirithe leis na daoine san Aonad Polasaí maidir le Pinsin a mbíonn caidreamh leanúnach agam leo, agus leis na Rannóga maidir le hAcmhainní Daonna, Seirbhísí IS, Cuntas, agus Bainistíocht Áiseanna freisin.

Is mór agam go háirithe an comhoibriú ón Rannóg Scóipe agus ó Rannóg na dTaifead i gcúrsa na hoibre ó lá go ló, agus tugtar an cabhair sin uile le meas iomlán do neamhspleáchas na hOifige.

Taifeadtar an buíochas atá ag gabháil le Tionscal na bPinsean níos leithne agus le daoine eile a chabhraigh linn in áit eile sa Tuarascáil seo.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh freisin chun buíochas a ghabháil le mo imscrúdaitheoirí féin agus leis an bhfoireann tacaíochta as a ndíograis, as an obair chrua, as a ndílseacht agus, thar aon rud eile, as an tsolúbthacht a chuir ar mo chumas an oiread sin a bhaint amach le hacmhainní teoranta. Dealraíonn sé gur dócha go ndéanfar cónascadh idir í agus Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais cé nach bhfuil an t-amscála a theastóidh chun é sin a bhaint amach soiléir go fóill.

Mar is léir ó na figiúirí sa tuarascáil seo, tá an t-éileamh ar ár seirbhísí formhéadaithe go dtí leibhéal nach bhfacthas riamh roimhe i dtéarmaí mhéid na n-uimhreacha agus i dtéarmaí an mhéadaithe ar éagsúlacht agus ar chastacht na bhfadhbanna a bhfuil comhaltaí scéime pinsin ag tabhairt aghaidh orthu. Mar sin, is cuma cén t-ainm atá scríofa ar ainmchlár an dorais, beidh an obair ag dul ar aghaidh agus is féidir le comhaltaí scéimeanna pinsin agus a dteaghlai gh sásamh a fháil cibé áit a mbeidh an drochriarachán follasach.

Beir beannacht,

Paul Kenny

An tOmbudsman Pinsean

Ms Joan Burton T.D.,
Minister for Social Protection
Áras Mhic Dhiarmada
Store Street
Dublin 1
30 April 2013



An tOmbudsman Pinsean
Pensions Ombudsman

To the Minister for Social Protection

A Aire,

I am pleased to present my Annual Report and Accounts for 2012. In doing so, I wish to thank you for the on-going support that you have given to my Office and to me personally.

I would like to record my appreciation for the support and help given to me by the Department of Social Protection (in its various names) and its officials over the years since the Office was established in 2003. I wish to thank in particular the people in the Pensions Policy Unit, with which I have on-going contact, and also Human Resources, IS Services, Accounts and Facilities Management. The co-operation of Scope Section and Records Section in the course of our day-to-day work is particularly appreciated, and all of this help is given with complete respect for the independence of the Office.

My thanks to the wider Pensions Industry and others who have helped us are recorded elsewhere in this Report.

I would also take this opportunity to thank my own investigators and support staff for their diligence, hard work, loyalty and, above all, flexibility, which has enabled me to achieve so much with limited resources. Amalgamation of this Office with the Financial Services Ombudsman's Bureau will take place, though the time-scale over which this can be achieved is not yet clear.

As the figures in this report demonstrate, demand for our services has escalated to unprecedented levels, both in terms of sheer numbers and in the increasing variety and complexity of the problems facing pension scheme members. So, whatever the name-plate on the door may be, the work will continue and pension scheme members and their families can continue to receive redress wherever maladministration may be manifest.

Beir beannacht,

Paul Kenny
Pensions Ombudsman

Réamhrá an Stiúrthóra

Leanann Oifig an Ombudsman Pinsean den dul chun cinn atá déanta maidir le deacrachtaí pinsin a réiteach ar bhealach neamhspleách agus neamhfhoirmiúil. Bunaíodh an Oifig faoi Chuid XI d'Acht na bPinsean 1990 (arna chur isteach le hAcht na bPinsean (Leasú), 2002). Ceapadh Paul Kenny mar chéad Ombudsman Pinsean na hÉireann ar an 28 Aibreán 2003.

Mar chéad Ombudsman Pinsean na hÉireann bhunaigh Paul Kenny an Oifig agus leag sé síos gnáis na hOifige maidir le himscrúdú, le hoibriúchán agus le riarachán. Chinn sé go ciallmhar gurb í an Roinn Coimirce Sóisialaí a chuirfeadh na feidhmeanna airgeadas, acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar fáil. Glacadh an cur chuige sin go forleathan ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí nuair a forbraíodh ionaid seirbhísí comhroinnte. Ina Ombudsman Pinsean dó tá mioneolas ag Paul Kenny ar reachtaíocht pinsin, tá taithí fhairsing agus saineolas aige ar thionscal na bpinsean agus is curadh láidir é ar son an duine aonair nó an ghearánaí ar chaitheadh go dona leo i ndáil lena bpinsean.

Tá Oifig an Ombudsman Pinsean ann le deich mbliana anuas agus i rith an ama sin tháinig 10,000 fiosrúchán chuichi agus osclaíodh os cionn 5,000 comhad gearáin mionsonraithe i ndáil le cúrsaí pinsean ceirde. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta chun réitigh thráthúla bheaghostasacha a fháil ar ghearáin phinsin is gá dúinn an tréimhse ama a theastaíonn chun cásanna a réiteach a laghdú a thuilleadh. Dá bhrí sin beimid ag neartú na hacmhainní daonna san Oifig sa chaoi is go mbeidh na baill foirne ardoilte agus spreagtha agus gurb ionann an fhís agus an aontacht chuspóra a bheidh ag gach duine acu.

In am a bhfuil cúlú ar an gheilleagar tá ról Oifig an Ombudsman Pinsean maidir le cabhair a thabhairt do dhaoine chun sásamh nó leigheas a fháil i ndáil lena bhfadhbanna pinsin níos tábhachtaí ná riamh. Is léiriú é air sin an méadú suntasach ar líon na ngearáin a fuarthas. Tá i bhfad níos mó gearán á réiteach ag an líon céanna foirne. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do thiomantas agus do dhíogras na foirne ar fad.

John O'Toole

Stiúrthóir

Oifig an Ombudsman Pinsean

Director's introduction

The Office of the Pensions Ombudsman continues to make strides in solving pension difficulties in an independent and informal manner. The Office was established under Part XI of the Pensions Act 1990 (inserted by the Pensions (Amendment) Act 2002). Ireland's first Pensions Ombudsman, Paul Kenny was appointed on 28 April 2003.

As Ireland's first Pensions Ombudsman, Paul Kenny established the Office and set up its investigation, operating and administrative procedures. He wisely decided that finance, human resources and information and communications technology would be provided by the Department of Social Protection. This approach has been more widely adopted across the civil and public service with the development of shared services centres. As Pensions Ombudsman, Paul Kenny, with his detailed knowledge of pensions legislation, and his extensive experience and expertise in the pensions industry, is a strong champion on behalf of individuals whose pensions have not been handled properly.

Over the ten years of its existence, the Office of the Pensions Ombudsman has received 10,000 queries and opened over 5,000 detailed complaint files in relation to occupational pension matters. While significant progress has been made in providing timely low-cost solutions to pension complaints, we still need to further reduce the length of time taken to resolve cases. We are therefore further strengthening the human resources at the Office so that staff members are highly skilled and motivated, and share a common vision and unity of purpose.

In a time of recession the Office of the Pensions Ombudsman has an even greater role in helping people to get redress or a remedy to their pension problem. This is reflected in the significant increase in the number of complaints received in 2012. We are resolving a much higher number of complaints with the same number of staff. I would like to commend the commitment and dedication of the entire team.

John O'Toole

Director

Office of the Pensions Ombudsman



What we did in 2012

A ndearnamar i 2012

1



A ndearnamar i 2012

Riar na gCásanna

Tháinig 2,189 fiosrúchán nua chuig an Oifig in 2012, b'ardú de 79% é sin ar líon na bhfiosrúcháin nua i gcomórtas leis na 1,221 a tháinig in 2011. Dhéileáil an Oifig le 1,705 fiosrúchán ar an teileafón i rith na bliana, níos mó ná a dhá oiread an 822 in 2011.

I gcaitheamh na bliana 2012, d'osclaíomar 601 chomhad gearáin imscrúdaithe mionsonraithe nua tar éis réamh-athbhreithniú a dhéanamh ar gach cás nua a tugadh dúinn. B'ionann sin agus ardú de 24% ar na 485 cás n 2011. Cuireadh 677 cás i gcrích in 2012 i gcomparáid le 557 cás in 2011, ardú de 22% ar chásanna imscrúdaithe mionsonraithe i gcrích.

Ní mór dom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do ghairmiúlacht na foirne iomláine san Oifig. Cuireann an fhoireann seirbhís den scoth ar fáil agus cinntíonn go ndéileáiltear le héilimh go tapa agus go héifeachtach. Míníonn siad cásanna casta do ghlaiteoirí agus tairgeann cabhair agus comhairle ar feadh próiseas curtha isteach an éilimh.

Ní raibh aon athrú ar líon na foirne le roinnt blianta anuas, rud nach bhfuil idéalach ós rud é go bhfuil líon na ngearán agus na bhfiosrúcháin ag méadú. D'fhonn an fód a sheasamh in aghaidh an dúshláin sin, tá iarracht déanta againn leabharchruth a chur ar na himscrúduithe agus athrú a dhéanamh ar an modh oibre le gur féidir linn freastal ar an éileamh méadaithe gan dochar do chaighdeán na seirbhíse don phobal.

Tosaíodh amach ar an mbliain 2012 le 409 comhad gearáin oscailte; bhí 369 idir lámha ag deireadh na bliana. Déantar mionanailís

ar an ualach cáis agus ar riar na gcásanna sa chéad rannán eile den tuarascáil seo.

Is cúis mhór bhuartha dom an t-achar ama méadaithe a theastaíonn chun gearán a phróiseáil. Bíonn cineálacha na ngearán a phléimid sách casta agus bíonn malartú faisnéise agus soiléiriú doiciméid i gceist atá am-íditheach. In 2010 ba é 81 seachtaine an meán-am a theastaigh chun cás imscrúdaithe mionsonraithe a chur i gcrích. Bhí méadú air sin go 113 seachtaine i 2011 agus méadú arís go 127 seachtaine in 2012. Cé nach raibh an méadú chomh mór in 2012 agus mar bhí in 2011, is údar mór imní an méadú thar an tréimhse dhá bhliain. Ar an drochuair, is toradh díreach é seo ar an lánchosca foirne nach bhfuil aon smacht againn air.

Córais bhainistithe cáis

Ba chabhair dúinn an feabhas a cuireadh ar an gcóras bainistithe cáis chun cásanna a phróiseáil go héifeachtach agus chun eolas cruinn a thabhairt do ghlaiteoirí faoi dhul chun cinn a gcuid ngearán. Cuireann an córas bainistithe cáis staitisticí thar a bheith cruinn ar fáil freisin, rud a mhéadaíonn an éifeachtacht tríd is tríd.

Cásanna a ndearnadh Cinneadh Críochnaitheach nó a Réitíodh faoi Eadráin

Eisíodh Cinneadh Críochnaitheach i 58 cás in 2012 faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean, 1990 (arna leasú). As na cásanna sin seasadh le beagnach a dhá thrian agus dícheadaíodh an chuid eile. Tá mionanailís níos sonraithe ar na cásanna sin i Rannán 3. Bhí ardú de 50% ar líon na gcásanna ina ndearnadh tuarascáil agus inar tugadh treoir.

What we did in 2012

Case management

The Office of the Pensions Ombudsman received 2,189 new enquiries during 2012 representing an increase of 79% in new enquiries from the 2011 figure of 1,221. The Office dealt with 1,705 telephone enquiries during the year which is more than double the 822 in 2011.

During 2012, we opened 601 new detailed investigation complaint files after an initial review of all new cases brought to us. This was an increase of 24% on the 485 in 2011. We completed 677 cases during 2012 compared with 557 cases in 2011, which is an increase of 22% in detailed investigation cases completed.

I must acknowledge the commitment and professionalism of the entire team in the Office. The staff provide an excellent service and make sure that claims are dealt with quickly and efficiently. They explain complicated cases to callers and offer help and advice through the process of making a claim.

Staff numbers have remained unchanged for a number of years which is not ideal given that the number of complaints and enquiries is increasing. To overcome this challenge, we have tried to streamline our investigations and change the way we work so that we can meet the increased demand without losing the quality of our service to the public.

We came in to 2012 with 409 complaint files open and we ended the year with 369 on hand. A detailed analysis of caseload and case management is dealt with in Section 2.

I am extremely concerned about the increasing length of time it takes to process a complaint. The types of complaint we deal with are quite complex and involve time-consuming exchanges of information and clarification of documentation. In 2010, the average time taken to complete a detailed investigation case was 81 weeks. This rose to 113 weeks in 2011 and rose again to 127 weeks in 2012. While the increase is not as large in 2012 over 2011, the increase over the two-year period is extremely concerning. Unfortunately, this is a direct result of the staffing embargo, over which we have no control.

Case management system

Improvements to the case management system have helped us to process cases efficiently and to give callers accurate information about how their complaint is progressing. The case management system also provides us with highly accurate statistics which helps our overall efficiency.

Cases brought to Final Determination or settled by Mediation

During 2012, 58 Final Determinations were issued under Section 139 of the Pensions Act, 1990 (as amended). Of these, almost two-thirds were upheld and the remainder

Cáineadh ag an Ombudsman Pinsean Paul Kenny ar tháillí 'náireacha'

Tá ráite ag an Ombudsman Pinsean, Paul Kenny, gur "náireach" an rud na cásanna ina ngearrtar táillí agus coimisiúin iomarcacha ar tháirgí pinsin. Ag labhairt dó ag ceardlann le linn na Comhdhála Bliantúla ag an gCeardchumann Teicniúil, Innealtóireachta agus Leictreachais, luaigh an tUasal Kenny cásanna inar tharla suas le 45% de na ranníocaíochtaí a d'íoc comhaltáí isteach i scéim a bheith á dtógáil amach mar choimisiún.



Tugtar cásanna 'tuairisce agus treorach' orthu siúd ar féidir a réiteach gan ghá le himscrúdú iomlán.

I rith na bliana, réitíodh 94 cás faoi eadráin. Astu sin réitíodh 84% i bhfabhar an ghearánaí. Ba fheabhas é sin ar chúrsaí in 2011, tráth ar réitíodh 77% de na cásanna i bhfabhar an ghearánaí.

Is féidir céatadán níos airde na dtorthaí dearfacha ar chásanna gearánaithe a baineadh amach faoi eadráin a mhíniú go páirteach tríd an bhfíric gur minic gur féidir eadráin a bheith ina rogha níos solúbtha. Mar shampla ó thaobh Cinneadh Críochnaitheach de ní féidir liom athrú rialach a ordú nó cumhacht lánroghnach na n-iontaobhaithe a shárú. Tá Cinneadh Críochnaitheach ceangailteach ar na páirtithe uile freisin, faoi réir achomhairc chuig an Ard-Chúirte, agus tá na dámhachtainí airgeadais ar féidir liom a dhéanamh teoranta do chailteanas sochar scéime. Ní féidir liom caiteachas a tabhaíodh ná cúiteamh ar strus nó ar imní le linn chur i láthair an cháis a chur san áireamh. Ceadáíonn eadráin, ar an lámh eile, níos mó solúbthachta agus is minic is féidir réiteach a sholáthar nárbh fhéidir a fháil trí Chinneadh Críochnaitheach.

Uaireanta, nuair a bhíonn cásanna ag bogadh ar aghaidh chuig Cinneadh Críochnaitheach eisím Réamhfhógra Cinnidh. Leagtar amach ann na príomhfhiricí a deimhníodh le linn an imscrúdaithe agus cuirtear in iúl ann caidé an toradh is dóigh a bheidh ann.

Tugann sin an deis don dá pháirtí athbhreithniú a dhéanamh agus tuairim a nochtadh ar an tuarascáil imscrúdaithe agus aon fhianaise bhreise a chur i láthair sula ndéanfaidh mé an Cinneadh Críochnaitheach. Is próiseas é a oibríonn go maith de ghnáth ach atá am-íditheach. Is cur chuige é nach mbaintear áis as ach nuair is dócha go n-athródh sé fíricí an cháis. Seachas sin, nuair a bhíonn fíricí an cháis soiléir, bogaim ar aghaidh go díreach go dtí Cinneadh Críochnaitheach.

Ag tabhairt eolais

Chaith an fhoireann go leor ama ag déileáil le ceisteanna ón bpobal. Is minic go leor go mbíonn daoine a bhfuil fadhbanna pinsin acu éiginnte faoi cá háit a rachaidh siad lena ngearán. Táimid in ann sainchomhairle a thabhairt agus, murar féidir leis an Oifig glacadh lena ngearáin leithleacha, déanaimid ár ndícheall iad a threorú chuig gníomhaireacht eile ar féidir cabhrú leo.

Pensions Ombudsman Paul Kenny criticises ‘disgraceful’ charges

Pensions Ombudsman Paul Kenny has described as “disgraceful” instances of excessive charges and commission levied on pension products. Addressing a workshop at the Annual Conference of the Technical Engineering and Electrical Union, Mr Kenny cited instances where up to 45% of contributions paid into a scheme by members was taken out as commission.



were disallowed. A more detailed analysis of these cases is presented in Section 3. There was a 50% increase in the number of cases where a ‘report and guidance’ was given. ‘Report and guidance’ cases are those that can be resolved without the need to go into a full investigation.

During the year, 94 cases were settled by mediation. Of these, 84% were settled in favour of the complainant. This is an improvement on 2011, when 77% of cases were settled in favour of the complainant.

The higher percentage of positive outcomes for complainants achieved through mediation can be partly explained by the fact that mediation can very often be a more flexible option. For example, in a Final Determination, I cannot direct a rule change or override a discretionary power of the trustees. A Final Determination is also binding on all parties, subject to appeal to the High Court, and the financial awards that I can make are limited to the loss of scheme benefit. I cannot take account of expenses incurred in presenting the case, or compensation for stress or worry. Mediation, on the other hand, allows for more flexibility and can very often provide

a solution that could not be arrived at by a Final Determination.

Sometimes, when cases are proceeding to a Final Determination, I issue a Preliminary Notice of Determination. This sets out the main facts established during the investigation and also states what the likely outcome will be.

This gives both parties a chance to review and comment on the investigation report and to present any further evidence before I make my Final Determination. This process generally works well but is time consuming. However, this approach is only taken when it is likely to change the facts of a case. Otherwise, when the facts of the case are clear, I move directly to a Final Determination.

Giving information

My staff spend a lot of time dealing with queries from members of the public. Quite often, people with pension problems are not sure where to go with their complaint. We are able to give expert advice and, if our Office is not able to take their particular complaint on board, we do our best to



Cuirimid nasc ríomhphoist ar fáil freisin ar an suíomh idirlín le gur féidir le daoine a gceisteanna a chur agus a n-ímní a nochtadh le ríomhphost. De réir an taithí atá againn áfach is fearr le daoine a gceist a phlé ar an teileafón. Fiú iadsan a bhaineann úsáid as an gcóras ríomhphoist is minic a chuireann siad glaoch leantach chugainn ar an teileafón. Is léiriú air sin an dúblú ar mhéid na nglaoch chuig an Oifig an bhliain seo caite. Bhí méadú ar líon na nglaoch ó 822 in 2011 go 1,705 in 2012.

I rith na bliana rinneamar athchóiriú ar na foirmeacha gearáin agus ar na leabhráin faisnéise. Tá siad ar fáil anois i mBéarla agus i nGaeilge. Chomh maith leis sin, tá eolas ar na seirbhísí ar fáil i bhFraincis, i Spáinnis agus i bPolainnis ar an suíomh idirlín. Tá eolas curtha ar fáil againn i mBraille freisin.

Is cúis áthais dom go ndearna ANLA (Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh) measúnú ar ár leabhrán eolais agus gur bhronn sé gradam marc Béarla Soiléir air. Is réimse thar a bheith casta agus teicniúil é réimse na bPinsean agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go leagfaí an t-eolas amach go soiléir.

Feasacht an phobail a mhéadú

Léiríonn an méadú ollmhór ar ghearáin a tháinig isteach in 2012 a thábhachtaí is atá an Oifig maidir le cabhair a thabhairt do dhaoine chun déileáil le fadhbanna a bhaineann le pinsean. Is cúis áthais don Oifig go bhfuil an oiread sin daoine feasach faoi go bhfuilimid ann ach ní féidir linn a bheith bogásach i dtaca leis sin. Bímid anghníomhach maidir leis an Oifig a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla a leithéid freastal a dhéanamh ar imeachtaí mar a mbeidh a lán daoine atá éirithe as obair nó atá ag smaoineamh ar éirí as.

Imeacht dá shórt ab ea an Taispeántas Mature Living a bhí ar siúl i gCaisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo i mí Mheán Fómhair 2012. Bhí seimineáir ar siúl ar feadh an dá lá a bhí sé ar siúl ar ábhair éagsúla agus bhí aoíchainteoirí ann a bhí in ann ceisteanna a fhreagairt. Tugadh cuireadh dom bheith ina chainteoir; réachtáil mé trí sheimineáir agus d'fhreagair ceisteanna a tháinig chun cinn.

D'fhreastail roinnt ball foirne ar Sheó an Luchta os cionn 50 a bhí ar siúl san RDS, Baile Átha Cliath 12-14 Deireadh Fómhair 2012.



direct them to another agency who can help them.

We also provide an email link on our website for people to email us with their queries and concerns. We find, however, that people prefer to discuss their query over the phone. Even those who use the email system often follow up with a phone call. The fact that the volume of calls to the main Office number has more than doubled in the last year reflects this. Calls rose from 822 in 2011 to 1,705 in 2012.

During the year we revised and modernised our complaint forms and information booklets. These are now available in both English and Irish. Also, our website has information on our services in French, Spanish and Polish. We have made information available in Braille also.

I am pleased that NALA (National Adult Literacy Agency) considered our information booklet and awarded it their Plain English Mark. Pensions are an extremely complex and technical area and it is crucial, therefore, that information is set out clearly.

Increasing public awareness

The huge increase in complaints received during 2012 underlines the importance of my Office in helping people to deal with pension-related problems. We are pleased that so many people are aware of our presence but we cannot be complacent in this regard. We are very active in promoting the Office in various ways such as attending events where we know there will be a lot of retired people or people who are considering retirement.

One such event was the Mature Living Exhibition which was held in Castlebar, Co Mayo in September 2012. Over the course of the two days, there were seminars on various topics with guest speakers who were able to answer questions. I was invited as a speaker and held three seminars and answered queries which arose.

Several members of staff also attended the Over 50s Show which was held in the RDS, Dublin from 12 - 14 October 2012.

While the numbers at these events vary and many of the queries are not directly related to the work of my Office, I consider that it is a very worthwhile and valuable part of the

A ndearnamar i 2012 (ar lean)

Cé gur éagsúil an líon daoine a dhéanann freastal ar na himeachtaí ó cheann go chéile agus cé nach mbaineann a lán de na ceisteanna go díreach le hobair na hOifige, measaim gur chuid an-fhiúntach den ról atá againn í na seirbhísí a chuirimid ar fáil a aibhsiú.

Rinneadh athchóiriú ár an suíomh idirlín, www.pensionsombudsman.ie, agus is tábhachtach an fhoinsé faisnéise agus an modh cumarsáide é. Tá físeán faisnéise, i mBéarla agus i nGaeilge, faoi na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig ar fáil anois ann. Tá nasc ríomhphoist ar fáil ann do dhaoine ar mhian leo ceisteanna a chur orainn. Ceisteanna a fhaightear le ríomhphost tugann an fhoireann freagra díreach orthu nó chuireann foirm gearáin amach chun tús a chur le próiseas imscrúdaithe a dhéanfaidh an Oifig.

Bíonn preaseisiúintí, tuarascálacha bliantúla, leabhráin eolais agus foirmeacha gearáin ar fáil ar an suíomh idirlín freisin agus is féidir iad go léir a íoschóipeáil.

Bíonn tóir leanúnach ar an láithreán greasáin ós rud é gur mian le daoine cuairt a thabhairt ar an láithreán greasáin sula ndéanann siad teagmháil leis an Oifig. Ceadáíodh an láithreán greasáin 1.3 milliún uair i rith na bliana 2012, ardú 63 faoin gcéad ar 2011. Tá sé seo sa bhreis ar ardú 45 faoin gcéad ar an uimhir coibhéiseach i 2011.

Is ann do leagan Gaeilge den suíomh idirlín freisin. Cuirimid fáilte roimh cheisteanna agus roimh chomhfhreagras i nGaeilge. Ina theannta sin tá eolas ar fáil i bhFraincis, i Spáinnis agus i bPolainnis.

Rinneamar an t-ábhar faisnéise agus bolscaireachta a athscríobh agus a athdhearadh ina iomláine i mBéarla agus i nGaeilge lena dhéanamh níos éasca do dhaoine a ngearáin a leagan amach go soiléir.

Tá cur chuige réamhghníomhach againn chun obair na hOifige a choinneáil beo in intinn an phobail trí ailt a chur i bhfoilseacháin éagsúla phinsin agus in irisí eile. Cuirimid fógraíocht i roinnt foilseachán ar bhonn leanúnach chun cur le feasacht an phobail ar an obair a dhéanaimid.

Bíonn mionsonraí faoin Oifig cuimsithe i mbliainirisí an Fhorais Riaracháin (IPA), Chumann Cistí Pinsin na hÉireann (IAPF) agus an Gharda Síochána. Rinneamar cainteanna os comhair comhlachtaí gairme agus ionadaíocha éagsúla ar a n-áirítear an IAPF, Cumann na nDlíodóirí Pinsin in Éirinn, Institiúid Bhainisteoirí Pinsin na hÉireann, Institiúid Árachais na hÉireann, an Cumann Árachais Saoil, Institiúidí na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí agus na gCuntasóirí Cairte, Cumann na nOifigeach Comhlíontacháin in Éirinn, Parlaimint na Seanóirí, agus ceardchumainn ar nós an Cumann Innealtóireachta Teicniúla agus Leictreachais (TEEU) agus Roinn na gComhaltaí ar Scor de SIPTU.

Leanaimid den chaidrimh taobh istigh de thionscal na bpinsean a chothú agus d'fhreastalaíomar ar roinnt cúrsaí oiliúna a chuir an tionscal ar fáil i rith na bliana. Déantar freastal ar na cúrsaí sin i gcomhair dhá chríoch – ceann amháin an oiliúint agus an ceann eile ról na hOifige a phoibliú.

What we did in 2012 (continued)

role that we play in highlighting the services we provide.

Our website, www.pensionsombudsman.ie, was revamped and is another important source of information and means of communication. This includes an information video, in English and Irish, on the services provided by the Office. There is an email link provided for people to email us their queries. Queries received by email are followed up by my staff either with a direct answer to the query or by posting out a complaint form to begin the process of an investigation by my Office.

The website also has press releases, annual reports, information booklets and complaint forms, all of which can be downloaded.

Our website continues to be increasingly popular. This reflects the fact that people visit the website before contacting the Office. There were 1.3 million hits to my website in 2012, which is an increase of 63 per cent. This is on top of a 45 per cent increase in the equivalent figure in 2011.

Tá leagan Gaeilge den suíomh idirlíon ann freisin. We welcome queries and correspondence in Irish (as Gaeilge). In addition, there is information available in French, Spanish and Polish.

We have also completely rewritten and redesigned all our information and promotional material in English and Irish to make it easier for people to set out their complaints clearly.

We take a proactive approach to keeping the work of the Office in the public eye by placing articles in various pension publications and other journals. We continue to advertise in several publications to build public awareness of the work we do.

Details about the Office are included in the yearbooks of the Institute of Public Administration (IPA), the Irish Association of Pension Funds (IAPF) and An Garda Síochána. We have given talks to various professional and representative bodies, including the IAPF, the Association of Pensions Lawyers in Ireland, the Irish Institute of Pensions Managers, the Insurance Institute of Ireland, the Life Insurance Association, the Institutes of Certified Public Accountants and Chartered Accountants, the Association of Compliance Officers in Ireland, the Senior Citizens' Parliament, and trade unions such as the Technical Engineering and Electrical Union (TEEU) and SIPTU Retired Members' Section.

We continue to build relationships within the pensions industry and we attended a number of training courses during the year provided by the industry. Attendance at these courses serves two purposes – that of training in addition to publicising the role of the Office.

Contacts with national and international organisations

As well as the contacts mentioned above, we continue to develop our working



Caidreamh le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Chomh maith leis an gcaidreamh a luaitear thuas cuireann an Oifig an caidreamh oibre atá ann le heagraíochtaí agus le cumainn eile chun cinn ar bhonn leanúnach. Orthu sin tá:

- Oifig an Ombudsman Pinsean
- An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais
- Banc Ceannais na hÉireann
- An Stiúrtóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Stiúrtóireacht Tomhaltóirí an Rialtóra Airgeadais
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- An Bord Pinsean
- An tOmbudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe
- Cumann Réamhscoir na Ríochta Aontaithe agus an
- Institiúid um Bainistíocht Pinsean.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí sin as an gcomhoibriú leanúnach a bhfuil fiúntas ollmhór aige maidir le réiteach a fháil ar go leor de na gearáin a thagann chomh fada leis an Oifig.

Bíonn caidreamh leanúnach againn freisin le roinnt ceardchumann, le Gníomhaireacht Mhonatóireachta Thionscal na Tógála agus le EPACE a dhéanann monatóireacht ar an gcomhlíonadh maidir leis an gComhaontú Fostaíochta Cláraithe i gcás Tionscal na Tógála.

Bímid i dteagmháil freisin le Scéim Pinsin na nOibrithe Tógála féin.

Ina theannta sin táim i mo chomhalta de Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann (BIOA), a fheidhmíonn anois faoin dteideal Cumann na nOmbudsman. Bíonn foireann na hOifige go hiomlán rannpháirteach ina chuid oibre agus bíonn rannpháirtíocht acu sna grúpaí leasmhara éagsúla a phléann gnéithe éagsúla d'obair Ombudsman.

Is é mo thuairim go bhfuil obair an chumainn sin ina hacmhainn luachmhar.

Ar phríomhaidhmeanna BIOA áirítear:

- spreagadh, forbairt agus cosaint i ndáil le ról agus le teideal an Ombudsman;



relationships with many other organisations and associations. These include:

- Office of the Ombudsman
- Financial Services Ombudsman
- Central Bank of Ireland
- Director of Corporate Enforcement
- Consumer Directorate of the Financial Regulator
- Department of Social Protection
- Companies Registration Office
- Office of the Revenue Commissioners
- the Pensions Board
- the UK Pensions Ombudsman
- the UK Pre-Retirement Association and the
- Pensions Management Institute.

I would like to thank these organisations for their on-going co-operation which is of immense value in helping to resolve many of the complaints we receive.

We are also in regular contact with a number of trade unions, with the Construction Industry Monitoring Agency

and with EPACE, which monitor compliance with the Registered Employment Agreement for the Construction Industry. We also have contact with the Construction Workers' Pension Scheme itself.

Additionally, I am a member of the British and Irish Ombudsman Association (BIOA), which now operates under the title of The Ombudsman Association. My staff participate fully in its work and sit on the various interest groups which deal with different aspects of an Ombudsman's work.

I consider the work of this Association to be a valuable resource. The main objectives of the BIOA include:

- encouraging, developing and safeguarding the role and title of Ombudsmen;
- forming and promoting standards of best practice to be met by Ombudsmen in the performance of their duties;
- holding meetings, conferences and seminars;
- publishing information; and

Súil ghéar á coinneáil ar chuideachtaí aiséirí

Ní mór monatóireacht i ndáil le míbheartaíocht a dhéanamh ar chuideachtaí ar theacht chun cinn in athuir dóibh mar eintiteas corparáide nua, a deir Dave Boland.

Shílfi gur cinnte nach fearr an ní a d'fheicfí, agus cúrsaí fostaíochta in Éirinn mar atá faoi láthair, ná cuideachta a bhí ionann is dócmhainneach ag teacht ar ais ó na mairbh, jabanna á sábháil agus airgead a bhfuil géarghá leis á chur arís le sruth na heacnamaíochta.



- na caighdeáin sárchleachtas ar cheart do Ombudsmn a shásamh i gcomhlíonadh a chuid dualgas a fhoirmliú agus a chur chun cinn;
- cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir a eagrú;
- eolas a fhoilsiú; agus
- páirt a ghlacadh i ngach cineál eile beartaíochta d'fhonn cur le tuiscint an phobail ar scéimeanna aitheanta Ombudsman agus d'fhonn an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht ina leith a chothú.

Athruithe sa dlí

Bhí tionchar suntasach ag athruithe sa dlí a rialaíonn scéimeanna pinsin na hearnála poiblí ar an Oifig.

Achtaíodh an **tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012** an 28 Iúil 2012 agus athraíonn sé téarmaí pinsean seirbhíse poiblí. Cuireann an t-athrú ar an dlí teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh i ríomh pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta de níos mó ná scéim seirbhíse poiblí amháin a bhí ar mharthain cheana. Tá an t-athrú thar bheith suntasach i gcás catagóirí áirithe

d'fhostaithe sna hearnála poiblí ar nós baill den Gharda Síochána, oifigigh phríosúin agus altraí síciatracha a bhí, suas go dtí tráth an athraithe, in ann creidmheas seirbhíse breise a charnadh tar éis bheith ag fónamh ar feadh 20 bliain, rud a thugann dóibh 40 bliain creidmheasa ag éirí as 30 bliain seirbhíse. Ciallaíonn an reachtaíocht nua nach mbeidh fostaithe dá leithéid in ann aon phinsean breise a thuilleamh i bhfostaíocht seirbhíse poiblí nuair atá an teorainn 40 bliain sroichte acu.

D'athraigh an **tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2012** an liosta de na comhlachtaí ar féidir leo rochtain a fháil ar an gcóras Leasa Shóisialaigh agus a bhfuil cead acu úsáid a bhaint as Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) chun dul i mbun idirbheartaíochta le baill an phobail agus chun faisnéis a roinnt. Áirítear an Oifig agam mar chomhlacht sonraithe anois. Cuireann an t-athrú sin dlús le próiseas bailithe faisnéise, rud a chabhraíonn le próiseáil na ngearán tríd is tríd.

Tuarascáil ar mhuirir phinsin

D'fhoilsigh an tAire Coimirce Sóisialaí Tuarascáil ar Mhuirir Phinsin 2012 i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is tuarascáil an-chuimsitheach í agus cuirim fáilte roimpi de

An eagle eye being kept on 'phoenix' companies

Companies must be monitored for inappropriate behaviour when re-emerging as new corporate entities, writes Dave Boland.

Surely there can be no better sight in the current employment market than an Irish company which has been effectively insolvent suddenly rising from the ashes, saving jobs and bringing some much needed revenue back into the economic stream.



- engaging in activities to improve public awareness of recognised Ombudsman schemes and to encourage their efficiency and effectiveness.

Changes in the law

Changes in the law governing public sector pension schemes have had a significant impact on my Office.

The Public Service Pensions (Single Scheme and Other Provisions) Act 2012

was enacted on 28 July 2012 and changes the terms of public service pensions. This change in the law places a 40-year limit on the total service which can be counted towards pension where a person has been a member of more than one existing public service pension scheme. This change is particularly significant for certain categories of public sector employees such as members of an Garda Síochána, prison officers and psychiatric nurses who, up to the time of the change, were able to build up additional service credit after serving for 20 years, giving them 40 years credit for 30 years' service. The new legislation will mean that such employees will not be able

to earn any further pension in public service employment once they hit the 40-year limit.

The Social Welfare and Pensions Act 2012

changed the list of bodies who can access the Social Welfare system and are allowed to use Personal Public Service Numbers (PPSN) for carrying out transactions with members of the public and for sharing information. My Office is now included as a specified body. This change speeds up the process of gathering information which helps in the overall processing of complaints.

Pension charges report


A Report on Pension Charges 2012 was published by the Minister for Social Protection in October 2012. This is a very comprehensive report and I welcome it as pension charges are a frequent cause of complaint to my Office. In this context, I have submitted some comments and observations to the Minister for consideration in advance of any changes in the law that might be proposed.

Agraíonn an tOmbudsman Pinsean athbhreithniú ar phinsin san earnáil phoiblí tar éis d'earráidí a theacht chun solais

D'áitigh an tOmbudsman Pinsean ar chomhlachtaí poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid taifead chun a chinntiú go bhfuil teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe a ríomh i gceart.

Rinne sé sin i ndiaidh dó líon suntasach earráidí a thabhairt faoi deara sa tslí ar cuireadh ranníocaíochtaí ÁSPC agus pinsean i bhfeidhm maidir le hoibríthe sealadacha a fuair poist bhuana ina dhiaidh sin.

Dúirt an tOmbudsman Pinsean Paul Kenny gurbh iad na hoibríthe san earnáil phoiblí a bhí i bpoist shealadacha roimh 1995 ba mhó a ndearna na hearráidí difear dóibh.



bhrí gur minic gur cúis ghearáin chuig an Oifig iad muirir phinsin.

Sa chomhthéacs sin chuir mé roinnt tuairimí agus caidéisí faoi bhráid an Aire lena mbreithniú, chun tosaigh ar aon athruithe ar an dlí a d'fhéadfaí a mholadh.

Ceisteanna foirne

Tá an líon foirne san Oifig fanta mórán ar an leibhéal céanna le blianta fada in ainneoin an mhéadaithe as cuimse ar líon na ngearán a thagann isteach i gcónaí. Níl sé sin inbhuanaithe. Tá sé ríshoiléir go bhfuil gá le méadú foirne go háirithe ag leibhéal Imscrúdaitheora, ach, mar gheall ar an gcosc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí, níorbh fhéidir linn foireann a earcú. Bhí an t-ádh linn gur sannadh ball foirne amháin breise dúinn ar bhonn sealadach agus táimid buíoch den Roinn Coimirce Sóisialaí as sin. Leanaimid de dhul i ngléic le fadhbanna ar bhealaí malartacha d'fhonn seirbhís ghairmiúil a sholáthar do ghearánaithe a bhfuil a líon ag méadú de shíor.

Ba é 2.2 lá in aghaidh an duine an meántréimhse bhreiteachta i rith na bliana 2012, ráta atá an-íseal go deo i gcomparáid le heagraíochtaí agus le hearnálacha eile.

Gairmiúlacht

Tá sé faiseanta ar na saolta seo obair na státseirbhíse a cháineadh ach ba mhaith liom gairmiúlacht, dúthracht agus tiomantas na foirne a oibríonn san Oifig a mholadh. In ainneoin go bhfuil borradh gan staonadh i ngearáin agus i gcásanna nua oibríonn mo chomhghleacaithe i gcónaí le fuinneamh agus le díograis. Ón gcéadair a chuirtear glaoch teagmhála teileafóin go dtí an Oifig agus uaidh sin ar aghaidh go dtí imscrúdú agus dréachtú na gCinntí Críochnaitheacha bíonn siad toilteanach an obair agus an iarracht bhreise a theastaíonn chun cás a thabhairt chun réitigh a chur isteach. Éilítear ar na saolta seo níos mó solúbthachta ná riamh ó fhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Ba mhaith liom a chur ar thaifead go bhfuil solúbthacht agus spiorad foirne thar chuimse léirithe ag foireann na hOifige ón gcéad uair a osclaíodh na doirse in 2003.

Cé nach féidir cinneadh i bhfabhar gearánaí a dhéanamh i gcónaí tá an cur chuige gairmiúil agus an meon intinne gur féidir gach rud a dhéanamh ghlaicta chucu féin ag an bhfoireann ar fad.

Pensions Ombudsman calls for public sector pensions review after errors found

THE PENSIONS Ombudsman has urged public bodies to review their records to ensure employees' pension entitlements are correctly calculated.

This follows the discovery of a significant number of errors in the way PRSI and pension contributions have been applied for temporary workers who later secured permanent posts.

Pensions Ombudsman Paul Kenny said the errors mainly affected public sector workers who were in temporary posts prior to 1995.



Staffing issues

The number of staff in my Office has remained the same for many years, despite the soaring number of complaints we continue to receive. This is unsustainable. There is a clear need for more staff, particularly at Investigator level, but, due to the freeze on public service recruitment, we have not been able to recruit staff. We have been fortunate to have one additional staff member assigned to us on a temporary basis and we are grateful to the Department of Social Protection for this. We continue to work around problems to provide a professional service to an increasing number of complainants.

Average sickness was 2.2 days per person in 2012, which is low by comparison with other organisations and sectors.

Professionalism

In these times, when it is fashionable to criticise the work of the civil service, I would like to praise the professionalism, dedication and commitment of the team who work in the Office. Despite the unrelenting surge of complaints and new cases, my colleagues continue to work with energy

and enthusiasm. From the initial telephone point of contact with the Office, through to the investigation and drafting of Final Determinations, there is a willingness to put in the work and the extra effort needed to bring cases to a resolution. These days, more and more flexibility is required of public servants. I would like to put on record the fact that the staff of this Office have displayed utmost flexibility and team spirit since we first opened our doors in 2003.

Even though it is not always possible to find in favour of a complainant, there is a professional approach and a 'can do' attitude taken by the entire team.



Caseload summary and statistics 2012

Achoimre agus staitisticí maidir le cásanna 2012

2



Achoimre agus staitisticí maidir le cásanna 2012

Mar a dúradh i dTuarascáil na bliana seo caite táimid in ann anois de bhuíochas an bhogearra nua atá againn líon agus cineál na gcásanna a chuirtear chuig an Oifig a thaifeadadh níos beachte.

Cásanna: fiosrúcháin agus gearáin

Rangaítear cásanna faoi dhá chatagóir:

Fiosrúchán	Cás a réitítear go tapa trí ghlaoch teileafóin nó trí chomhfhreagras gairid ríomhphoist.
Gearán	Cás níos mionsonraithe a mbíonn breis imscrúdúcháin de dhíth agus a n-osclaítear comhad gearáin mionsonraithe ina leith.

Duine ar bith a mheasann gur fhulaing sé cailteanas airgid mar gheall ar dhrochriarachán ar scéim pinsean ceirde, ar Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) nó ar Chonradh Blianachta Scoir Iontaobhais (CBS), is féidir leis gearán a chur chuig an Oifig.

Cuirtear cineálacha difriúla cáis faoinár mbráid agus dá bhrí sin tá córas scagtha i bhfeidhm againn chun measúnú a dhéanamh ar gach cás d'fhonn réiteach a fháil air chomh tapa agus chomh héasca agus is féidir.

Ar an gcéad dul síos molaimid do ghearánaithe iarracht a dhéanamh a ngearán a réiteach trí dhul díreach chuig iontaobhaithe na scéime pinsin nó chuig an soláthraí CCSP. Níos minice ná a mhalairt déantar sin trí phróiseas Réiteach Aighnis Inmheánach (RAI).

Mura n-éiríonn leis sin, is féidir leis an ngearánaí a iarraidh ar an Oifig tús a chur le himscrúdú níos mionsonraithe ar ábhar an ghearáin. Tagann comhad gearáin mionsonraithe i gceist leis sin agus féachann an Oifig leis an ngearán a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

Uaireanta sa tseirbhís phoiblí tig le riarthóirí bheith neamhthuisceanach faoi cad é go díreach atá i gceist le scor de dheasca easláinte. Is iad na coinníollacha bunúsacha atá ann gur chóir don duine atá ag iarraidh dul ar scor de dheasca easláinte bheith neamhábalta dualgais a fhostaíochta a chomhlíonadh mar gheall ar thinneas agus go bhfuil an tinneas fadtéarmach, is é sin le rá go mairfidh sé ar a laghad go dtí gnáthaois an phinsin. Braitheann go leor díobh sin atá ag iarraidh dul ar scor de dheasca easláinte gur éagóir leo é má dhiúltaítear don fhianaise liachta a chuireann siad i láthair ach níl aon fheidhm ag an Oifig i ndáil leis sin. Má dhéantar iarratas ar scor de dheasca easláinte ní leor chuige sin fianaise leighis ó dhochtúir nó ó chomhairleoir a chur ar fáil. Is é an rud nach bhfuil scríofa sna rialacha sa chuid is mó de na scéimeanna seirbhíse poiblí atá ann faoi láthair (cé go luaitear go sonrach é

in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012) nach mór gach rogha cóireála réasúnta ‘all reasonable treatment options’ a bheith triailte agus uaireanta ní hamhlaidh an cás ar chor ar bith.

Mholfaínn do riarthóirí na scéimeanna atá ann faoi láthair úsáid a bhaint as na ceangail uile a leagtar amach sa Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair mar threoirínte de bhrí gur ráitis iad i dtaobh nósanna ar cheart a bheith ann mar dhea-chleachtas cheana.

Deontais Díobhála Seirbhíse Poiblí

Tagann gearáin chuig an Oifig i gcónaí maidir leis na deontais sin. I gcásanna a bhforáiltear faoi rialacha scéimeanna seirbhíse poiblí d'íocaíocht dheontas díobhála le fostaithe a gortaíodh i mbun oibre gan iad féin a bheith ina chúis leis an ngortú, bhí roinnt cásanna os comhair na hOifige a ndearnadh iarracht stop a chur leis an deontas go huathoibríoch nuair a bhí 65 bliana slánaithe ag an oibrí.

D'áitigh mé i gcónaí nach féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis sin roimh ré agus go deimhin d'fhéadfadh sé bheith an-mhífhéaráilte. Nuair a bhíonn fostaí ag fáil íocaíochtaí deontais díobhála, ní chuirtear san áireamh chun críocha pinsin seirbhíse nach n-íoctar an deontas lena linn. Seans go gciallóidh sin nach mbeidh ag duine ach teidlíocht an-bheag ar phinsean an tráth a éireoidh sé as obair. Más amhlaidh an cás ní bheadh sé réasúnach an deontas a stopadh amach is amach.

Ar an lámh eile, is cosúil gur minic go mbíonn súil ag na hoibrithe a fhaigheann deontais díobhála gur chóir go gcoinneofaí ag íoc an deontais ina iomláine tar éis dóibh

What we learned in 2012 (continued)

Ill-health retirement

Early retirement due to ill health continues to be a bone of contention in both the public service and the private sector. My Office is seeing an increase in the number of these types of cases, particularly from the public service. Problems arise where the rules of schemes allow those still in employment (active members) – to be treated differently to deferred members who have left the employment some time previously. This is not unusual practice. Trustees' refusal to consider early retirement because of the state of solvency of a scheme is common too and this applies, in most cases, both to ill-health and normal health.

In the public service, administrators can sometimes fail to appreciate what exactly ill-health retirement entails. The basic requirements are that the person applying for ill-health retirement should be incapable of performing the duties of their employment on account of illness and that the illness is long-term meaning that it will last at least until normal pension age. Many applicants for ill-health retirement feel aggrieved if the medical evidence they present is rejected but my Office has no function in relation this. If you make an application for ill health retirement, it is not enough to supply medical evidence from your doctor or consultant. What is not written down in the rules of most existing public service schemes (although it is specifically stated in the Public Service Pensions (Single Scheme and Other Provisions) Act 2012) is that 'all reasonable

treatment options' must have been tried, and sometimes, that is by no means the case.

I recommend that the requirements set out in the Public Service Single Scheme should be used as a guideline by administrators of existing schemes, as they are a statement of what should already be good practice.

Public Service Injury grants

These grants continue to cause complaints to my Office. In cases where the rules of public service schemes provide for injury grants to be paid to employees injured in the course of their work through no fault of their own, we have seen some cases where attempts have been made to stop the grant automatically when the worker reaches 65.

I have always maintained that it is not possible to decide this in advance and it could, indeed, be very unfair. When an employee is receiving injury grant payments, service during which the grant is paid is not counted for pension purposes. This could mean that a person has only a very small entitlement to a pension when they retire. If this is the case, it is unreasonable to stop the grant completely.

On the other hand, the workers receiving injury grants often seem to expect that the grant should be continued in full after they retire even though they're also getting a substantial pension. My Office tries to settle these disputes fairly but I would prefer that they didn't reach my Office at all. They would not do so if administrators took a

Ardú géar ar líon na ngearán maidir le cúrsaí pinsin

Daoine in aimhréidh maidir le scéimeanna le sochar sainithe, le Suzanne Lynch.

Tá méadú níos mó ná faoi dhó tagtha ar líon na ngearán a rinne daoine den phobal le hOifig an Ombudsman Pinsean an chéad leath den bhliain seo a dúirt an tOmbudsman Pinsean inné.

Ag labhairt dó ag seoladh thuarascáil bhliantúil an Ombudsman don bhliain 2011, dúirt Paul Kenny gur tháinig 1,171 cás nua faoi bhráid na hOifige an chéad leath den bhliain 2012 i gcomparáid le 584 cás i rith an chéad leath den bhliain anuraidh.



éirí as obair bíodh is go bhfuil siad ag fáil pinsean suntasach chomh maith. Féachann an Oifig na díospóidí sin a réiteach go cóir ach b'fhéarr liom gan iad a theacht chomh fada leis an Oifig ar chor ar bith. Ní thiocthadh dá nglacfadh riarthóirí cur chuige praiticiúil agus dáiríre maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le gach cás.

Bíonn cumhachtaí na riarthóirí athbhreithniú a dhéanamh sna cásanna sin lánroghnach i gcónaí agus ba chóir do riarthóirí úsáid a bhaint as na cumhachtaí sin go cothrom agus go ciallmhar. Ba ceart gach cás a scrúdú de réir a bhuanna féin. Níor chóir do Riarthóirí a thuar gan chead cad a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí ná aon choinníollacha nach bhforáiltear dóibh faoin dlí a leagan síos.

Tarraingt anuas luath

Ar chúiseanna éagsúla tháinig roinnt daoine go dtí an Oifig in 2012 ag iarraidh a gcuid coigilteas pinsin a fháil go luath. B'fhéidir gur dhaoine iad a dífhostaíodh nó a bhí i riaráistí maidir lena gcuid morgáistí nó a bhí i gcrúachás airgeadais eile.

Go dtí seo, ach amháin i gcúinsí easláinte, níorbh fhéidir fáiltas ó pholasaí pinsin a tharraingt anuas roimh 50 bliain d'aois i gcás scéim pinsean ceirde (ar choinníoll

go gceadaítear sin faoi na rialacha) agus roimh 60 bliain d'aois i gcás CCSP nó i gcás Conradh Blianachta Scoir (CBS).

Ar an drochuair níorbh fhéidir leis an Oifig aon chabhair a thabhairt. Toirmisctear orm faoi Acht na bPinsean cinneadh a dhéanamh a mbeadh sé d'éifeacht aige rialacha scéime a athrú agus is cinnte nach féidir liom forálacha reachtúla cánach a athrú.

Tá sé ríshoiléir go gcabhróidh an lamháltas teoranta maidir le AVCanna dá bhforáiltear i mBuiséad 2013 le roinnt de na daoine sin ach i gcás go leor daoine beidh iarmhéideanna sách beag acu fós a leanfaidh de bheith glasáilte go dtí go mbeidh an aois ar féidir gnáthíocaíocht a dhéanamh bainte amach acu.

Dar liom go mbeadh tairbhe as cóireáil níos solúbtha (an rud a thabharfaí cóireáil mhionchúiseach 'triviality treatment' air sa tionscal) i ndáil le daoine a bhfuil sochair iarchurtha bheaga acu agus atá dífhostaithe go fadtéarmach.

'Dhíghlasáil' phinsin

Tháinig roinnt cásanna chun suntais na hOifige inar áitíodh ar dhaoine - go minic daoine a raibh trioblóidí airgeadais ag baint leo, dul i mbun próiseas 'díghlasála' nó 'saortha' mar a thugtar air, maidir lena bpinsin.

Pension complaints increase sharply

Unease about defined benefit schemes rising, by
Suzanne Lynch

The number of complaints received by the Office of the Pensions Ombudsman from members of the public has more than doubled in the first half of this year, the Pensions Ombudsman said yesterday.

Speaking at the launch of the Ombudsman's annual report for 2011, Paul Kenny said his Office had received 1,171 new cases in the first half of 2012, compared with 584 during the same period last year.



practical and realistic approach to the issues involved in each case.

Administrators' powers of review in these cases are always discretionary and administrators should use these powers fairly and sensibly. Each case should be examined on its own merits. Administrators should never presume to predict what might happen in the future or lay down any conditions that are not provided for under the law.

Early drawdown

For various reasons, quite a few people approached this Office during 2012 looking to access their pension savings early. They may have become unemployed, or have fallen into arrears with their mortgages or are going through other financial hardships.

Up to now, except in circumstances of ill-health, it has not been possible to draw down the proceeds of a pension policy before the age of 50 in the case of an occupational pension scheme (provided that the rules allow this) and before the age of 60 in the case of a PRSA or a Retirement Annuity Contract.

My Office, regrettably, has not been able to help. The Pensions Act forbids me to make a Determination that would change the rules of a scheme and I certainly cannot change statutory tax provisions.

The limited concession regarding AVCs in Budget 2013 will clearly help some of these people but many will still have relatively small balances which will continue to be locked away until they reach the age at which normal payment can be made.

A more flexible treatment (what is termed 'triviality' treatment in the industry) for long-term unemployed people with small deferred benefits would, I believe, be helpful.

Pensions 'unlocking'

My Office has come across a number of instances where people – often people who are in financial trouble – have been persuaded to engage in pensions 'unlocking', or 'liberation', as it can also be called.

Ar fhoghlaimíomar sa bhliain 2012 (ar lean)

Is seirbhís sin a fhógraítear mar bhealach chun luathrochtain a fháil (i gcoinne rialacha na gCoimisinéirí loncaim) ar phinsin trí iad a onnmhairiú chuig tír eile – bhí an Chipir agus an Nua-Shéalainn luaite i measc tíortha eile agus uaireanta tríd an Ríocht Aontaithe.

Ba chúis buartha do na Coimisinéirí loncaim le tamall anuas gníomhaíochtaí roinnt gnólachtaí atá i mbun cleachtais atá ceaptha chun áis a thabhairt do dhaoine a chónaíonn in Éirinn teacht thart ar na rialacháin chánach trí luathrochtain a fháil ar a sochair, nó trína sochair a fháil i bhfoirm íocaíocht shaor ó cháin nach gceadófaí de ghnáth sa tír seo. Deonaítear faoiseamh cánach i leith ranníocaíochtaí pinsin cheirde, CBSanna agus CCSPanna ar an mbonn gur dócha go mbeidh cuid mhaith de na fáiltais iomlána incháinithe in am trátha. Is minic a dhéantar aistriú thar lear chun é sin a sheachaint.

Mar thoradh air sin thug na Coimisinéirí loncaim coinníollacha ceadaithe breise isteach le haghaidh scéimeanna pinsin agus CCSPanna. Anois, ní mór d'aon duine a dhéanann aistriú thar lear dearbhú a shíniú á rá go bhfuil an t-aistriú á dhéanamh de mheon macánta ar chúis dhlísteanaigh.

Ní bhreathnaíonn na Coimisinéirí loncaim ar aistriú chuig tír nach bhfuil aon cheangal ag an duine léi - is é sin le rá nach bhfuil siad fostaithe inti nó nach bhfuil cónaí orthu inti ó thaobh cánach de – mar idirbheart a dhéantar de mheon macánta. Is féidir leo ceadú a tharraingt siar i gcásanna den sórt sin agus déanann. Ní mór d'aon duine ar mian leo aistriú thar lear a dhéanamh anois dearbhú a shíniú is a chur chuig na Coimisinéirí loncaim ag deimhniú go bhfuil an idirbheart atá beartaithe á dhéanamh de

mheon macánta. Tá an reachtaíocht Eorpach a bhfuil an chuma uirthi go héascaíonn sí aistriú laistigh den Aontas Eorpach á mí-úsáid. Ní raibh sé i gceist léi riamh 'turasóireacht cánach' a éascú ach bíonn sí á húsáid le haghaidh sin anois.

Iarradh orm i roinnt cásanna ceangal a chur ar riarthóirí scéime agus ar sholáthraithe CCSP, a thug an t-eiteach don chomhoibriú i gcás aistriú den sórt sin, na híocaíochtaí thar lear a dhéanamh. Ní dhearna mé amhlaidh.

Maidir le roinnt gnólachtaí a bhí gafa leis an ngníomhaíocht sin agus a bhí cláraithe sa Ríocht Aontaithe nochtadh in imscrúduithe go raibh tuairisc orthu san an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar chuideachtaí 'nach bhfuil ag trádáil'.

Tháinig gearán isteach freisin a bhain le duine aonair a rinne aistriú agus a fuair a chnapshuim ach nach féidir leis anois fiú eolas faoin gcuid eile dá chiste a fháil.

Fainic a cheannaitheoir!

Taifid chailte agus gearáin maidir le neamhíocaíocht

Scríobh roinnt gearánaithe chuig an Oifig á rá gur chreid siad go raibh siad i dteideal pinsin ach gur theip ar riarthóirí íocaíocht a dhéanamh ina leith. Go ginearálta ba dhaoine iad na gearánaithe sin a d'fhág an fhostaíocht ábhartha i bhfad ó shin ach a bhí suite de go raibh siad i dteideal pinsin nach raibh íoctha.

I gcás áirithe amháin chuir iarfhostaí cuideachta an-dua air féin chun a chás a chur i láthair. Dheimhnigh sé go raibh sé

What we learned in 2012 (continued)

This is a service which is advertised as a means of getting early access (against Revenue rules) to pensions by exporting them to another country – Cyprus and New Zealand, among others, have been mentioned, sometimes passing through the United Kingdom.

The Revenue Commissioners have been concerned for some time at the activities of a number of firms who are engaged in practices designed to allow individuals resident in Ireland to get around the tax regulations by getting early access to their benefits, or receiving benefits in the form of a tax-free payment which would not normally be allowed in this country. Tax relief on contributions to occupational pensions, RACs and PRSAs is given on the basis that it is likely that a good proportion of the total proceeds will, in due course, be taxable. Transfers overseas are often carried out to avoid that.

As a result, the Revenue Commissioners have introduced additional conditions of approval for occupational pension schemes and PRSAs. Now, anyone making an overseas transfer must sign a declaration to the effect that the transfer is being made in good faith for a genuine reason.

The Revenue Commissioners do not consider a transfer to a country where the individual has no connection – that is, they are neither employed nor tax resident there – to be a good faith transaction. They can and will withdraw approval in such cases. Anyone wishing to effect an overseas transfer

must now sign a declaration to Revenue confirming the good faith of the proposed transaction. The European legislation which appears to facilitate transfers within the European Union is being abused. It was never intended to facilitate ‘tax tourism’, but that is what it is being used for now.

I have been asked in a number of cases to force scheme administrators and PRSA providers, who have refused to co-operate with such transfers, to make the overseas payments. I have not done so.

Investigations have revealed that some firms involved in this activity registered in the United Kingdom were described in the Companies Office Register as ‘not trading’.

We also have a complaint involving an individual who effected a transfer, received his lump sum, but now cannot even obtain information about the remainder of his fund.

Buyer beware!

Lost records and complaints of non-payment

A number of complainants wrote to my Office where they believed that they were entitled to pensions that administrators had failed to pay them. These complainants were, generally, people who had left the relevant employment a long time ago but who were convinced that they had a pension entitlement that hadn’t been paid.

In one particular case, a former employee of a company went to a great deal of trouble to bring his case. He established that he had

Ar fhoghlaimíomar sa bhliain 2012 (ar lean)

ina fhostaí i gcuideachta áirithe tráth áirithe ach nach raibh aon taifead ann i ndáil lena fhostaíocht a bhain le tréimhse roimh ríomhairiú taifead ranníocaíochtaí Leasa Shóisialaigh. Mar sin féin bhí sé cinnte go raibh sé i dteideal sochar pinsin ó scéim na cuideachta sin.

Dheimhnigh mé le cabhair ó chuideachta árachais go raibh an iarfhostaí ina chomhalta den scéim iarbhír. Faoi rialacha na scéime mar a bhí siad ag an am áfach ní raibh an aois íosta le haghaidh teidlíochta ar shochar caomhnaithe sroichte aige nuair a d'fhág sé seirbhís. Mhaigh sé gur tharscaoil na hiontaobhaithe rialacha na scéime chun ligean dó teacht isteach inti go luath. Fiú dá ndéanfadh siad é sin ní bheadh an aois íosta maidir le 'caomhnú' (teidlíocht ar shochar tráth a fhágann duine cuideachta a íoctar ag dáta níos déanaí) bainte amach fós aige. Ní raibh aon fhianaise aige gur fheidhmigh na hiontaobhaithe cumhacht lánroghnach ina fhabhar. Aisghabh an chuideachta lena mbaineann miontuairiscí chruinnithe na n-iontaobhaithe don tréimhse ach ní raibh aon trácht ar aon imeacht den sórt sin.

Más amhlaidh gur cuireadh sochair an ghearánaí ar ceal go héagórach mar gheall ar dhrochriaracháin bheadh an éileamh aige taobh amuigh den teorainn ama chomh fada is a bhaineann sé leis an Oifig seo. Ach dá mba rud é go rabhamar in ann a chruthú go raibh teidlíocht aige d'fhéadfaí an tuiscint a bhaint as an loiceadh gan é a íoc an tráth a raibh sé dlite mar ghníomhaíocht droch-riaracháin reatha. Sa chás seo, áfach, níorbh fhéidir linn a dheimhniú go raibh aon teidlíocht ag an ngearánaí.

I gcás eile, thug an gearánaí ráiteas sochair ársa ar aird maidir lena chomhaltas i scéim áirithe. B'fhada an lá ó cuireadh deireadh leis an scéim.

Ó chló-aghaidh an ráitis scríofa agus ó stíl an chló bhí mé in ann an chuideachta árachais a choinnigh na sochair a aithint. Fuair siad greim ar mhionsonraí pinsin an ghearánaí i gceann cúpla lá.

Is iomchuí dom sa chomhthéacs seo mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an tionscal árachais agus leis an tionscal pinsin i gcoitinne as a chomhoibríthí is a bhí siad, rud a chuir ar chumas na hOifige dea-thorthaí a bhaint amach. Gan comhoibríú den sórt sin, bheadh achar i bhfad níos faide de dhíth orainn chun na torthaí sin a bhaint amach go deimhin dá bhféadfaí iad a bhaint amach ar chor ar bith.

Bhain cás eile le dearbhú duine aonair go raibh sé i dteideal sochair áirithe. Chuir sé trí shraith ar leith de rialacha scéime pinsin isteach. Ba scéim Ríochta Aontaithe a fhostóra faoina raibh sé ag éileamh sochar ceann amháin acu agus ba ghníomhas é ceann eile a rinneadh tar éis dó seirbhís a fhágáil. Ar an drochuair ní raibh foráil don sochar a bhí sé ag iarraidh sna rialacha a bhí i bhfeidhm ag an dáta a d'fhág sé seirbhís.

Is minic a thagann cásanna os comhair na hOifige maidir le scéimeanna ar cuireadh críoch leo i bhfad ó shin. Níl na fostóirí urraithe (lucht eagraithe na scéime) ar marthain níos mó nó tháinig a ngnólacht faoi úinéireacht chuideachtaí eile in imeacht na mblianta.

Féadfaidh taifid chláráithe an Bhoird Pinsean bheith ina gcúnamh maidir le sochair chailte

What we learned in 2012 (continued)

been an employee of a particular company at a certain time but no records existed in relation to his employment, which predated the computerisation of Social Welfare contribution records. Nevertheless, he was convinced that he had an entitlement to a pension benefit from this company's scheme.

I established, with the help of an insurance company, that this former employee had indeed been a member of the scheme. However, under the rules of the scheme as they were at the time, he had not reached the minimum age for entitlement to a preserved benefit when he left service. He claimed that the trustees had waived the rules of the scheme to allow him early entry. Even had they done so, he would still not have reached the minimum age for 'preservation' – an entitlement to benefit when you leave a company which is paid at a later date. He had no evidence that the trustees had exercised a discretionary power in his favour. The company concerned retrieved the minutes of trustee meetings for the period but there was no mention of any such event.

If the complainant's benefits had been wrongfully cancelled due to poor administration, his claim would have been out of time as far as this Office is concerned. But, if we had been able to establish that he had an entitlement, failure to pay it when it became due could be interpreted as a current act of poor administration. In this case, though, we could not establish that the complainant had any entitlement.

In another case, a complainant produced an ancient benefit statement in respect of his membership of a particular scheme. The scheme had long since been discontinued.

From the typeface and font style of the statement, I was able to identify the insurance company which had held the benefits. They located this complainant's pension details in a matter of days.

It is appropriate in this context for me to record my sincere appreciation of the co-operative attitude of the insurance industry, and of the wider pensions industry, which has made it possible for my Office to achieve results. Without such co-operation, it would take us much longer to achieve those results if, indeed, they could have been accomplished at all.

Another case involved a claim by an individual that he was entitled to a certain benefit. He submitted three separate sets of pension scheme rules. One, which provided the benefit he was claiming, was the UK scheme of his employer; and one was a deed made after he had left service. Unfortunately, the rules in force at the date when he left service did not provide the benefit he wanted.

My Office frequently comes across situations where schemes have been discontinued for a long time, sponsoring employers (scheme organisers) have either ceased to exist or have been taken over by other companies over the years.

Ar fhoghlaimíomar sa bhliain 2012 (ar lean)

a rianú ach creidim gurbh fhiú seirbhís chúí rianaithe a bhunú. Ba bhreá freisin dá ndéantaí athrú ar an reachtaíocht lena cheadú do chuideachtaí árachais déileáil go héifeachtúil le scéimeanna reoite go háirithe nuair nach bhfuil aon fhostóir urraithe ann níos mó, nó i gcás nach féidir teacht ar fhostóir urraithe, ag cur san áireamh gur féidir gurb é an t-iontaobhaí an fostóir urraithe in go leor scéimeanna beaga agus gur féidir éagmais iontaobhaí bheith ina chúis le cuid mhaith deacrachtaí agus moille.

Sa chomhthéacs sin creidim gur gá go mbeadh foráil éigin scríofa isteach sa dlí chun déileáil le cásanna a bhaineann le mainneachtain iontaobhaithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Tháinig sin chun cinn i roinnt gearán a bhaineann le hOrduithe Coigeartú Pinsin. Maidir le céile nach bhfuil ina c(h)omhalta a bhaineann sochar as ordú den sórt sin tá ceart dlíthiúil aige/aici roinnt dá c(h)uid sochair a aistriú amach as an scéim. Más é an fostóir an t-iarchéile agus ina theannta sin más é an t-iontaobhaí an fostóir beidh moill agus b'fhéidir cailteanas ann de thoradh aon loiceadh comhoibriú leis an bpróiseas. Níl an fhadhb teoranta do chásanna Dlí Teaghlaigh amháin áfach, agus teastaíonn struchtúr ginearálta chun déileáil le mainneachtain iontaobhaithe. Níor cheart go mbeadh ar dhuine aonair gearán a chur os comhair an Ombudsman ar an aon chúis amháin go gcuirfí iallach ar iontaobhaithe a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Gearáin ó thionscal na tógála

Tagann gearáin chuig an Oifig go leanúnach maidir le neamhíoc ranníocaíochtaí atá dlite do Scéim Pinsin na nOibrithe Tógála.

Bhíothas á mhaíomh sna gearáin nach raibh na hoibrithe cláraithe sa scéim ar chor ar bith nó gur baineadh ranníocaíochtaí as a bpá ach nár íocadh isteach sa scéim iad mar a éilítear faoi Acht na bPinsean.

In a lán cásanna bhí na cuideachtaí lena mbaineann imithe as gnó. Is lú is coitianta leachtuithe ná cásanna ar baineadh cuideachtaí de chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) nó ar éirigh siad as bheith ag trádáil gan leachtaitheoir a cheapadh. In a lán cásanna is beag sócmhainn a bheadh fágtha nó sócmhainn ar bith a bhféadfadh an leachtaitheoir déileáil léi.

Mura bhfuil leachtú ann ní féidir ranníocaíochtaí atá dlite laistigh de 12 mhí ó dháta na dócmhainneachta a aisghabháil. Bhí a lán de na cuideachtaí lena mbaineann ina gcuideachtaí beaga agus minic go leor d'fhéidhmigh siad mar fhochoonraitheoirí do chuideachtaí níos mó ná iad. Theip ar na cuideachtaí móra ar a seal a raibh dlite do na fochoonraitheoirí a íoc agus tá siad féin imithe as gnó.

Is mór an bhá atá agam le cuideachtaí beaga ar caitheadh leo ar an mbealach sin ach ní dhéanann sé aon difear don fhíric gurb é an fostaí fear cailte na himeartha ar deiridh thiar sna cásanna sin. Tagann cásanna thar bheith tragóideach agus brónach go dtí an Oifig a bhaineann le bean chéile nó páirtí agus leanaí cleithiúnacha fostaí san earnáil tógála a fuair bás i seirbhís. Ciallaíonn ranníocaíochtaí gan íoc nach bhfuil aon sochar báis iníoctha ón scéim agus ní féidir aon sásamh a fháil i gcás go bhfuil an chuideachta tógála anois faoi leachtú nó nach bhfuil sí ann ar chor ar bith níos mó.

What we learned in 2012 (continued)

Pensions Board registration records can be a help in tracing some lost benefits, but I believe there would be merit in setting up a proper tracing service. A change in legislation to allow insurance companies to deal effectively with frozen schemes would be a good idea too, particularly where there is no longer any sponsoring employer, or where none can be located, bearing in mind that, in very many smaller schemes, the sponsoring employer may well be the trustee and the absence of a trustee can cause considerable difficulty and delay.

In that context, I believe there needs to be some provision written into the law to deal with cases involving trustees failing to meet their obligations. This has emerged in some complaints involving Pension Adjustment Orders. A non-member spouse who benefits from such an order has a legal right to have their share of the benefits transferred out of the scheme. If their former spouse is the employer and, in turn, the employer is the trustee, failure to co-operate in the process will result in delay and possible loss. The problem is not confined to Family Law cases, however, and we need a general structure to deal with trustee default. An individual should not have to bring a complaint to an Ombudsman just to oblige trustees to do their duty.

Construction industry complaints

My Office continues to receive complaints about unpaid contributions due to the Construction Workers' Pension Scheme. The complaints were either that workers

were not registered in the scheme at all, or that contributions were deducted from their pay but were not paid into the scheme as required by the Pensions Act.

In many cases, the companies concerned have gone out of business. Liquidations are less common than situations where companies are either struck off the Companies Registration Office (CRO) register or have simply ceased to trade without appointing a liquidator. In many cases, there would be very few or no assets at all for a liquidator to deal with.

If there is no liquidation, contributions due within 12 months of the date of insolvency cannot be recovered. Many of the companies concerned were small companies and, quite often, they have acted as subcontractors for larger companies. These large companies, in turn, have failed to pay the subcontractors what they were due and have gone out of business themselves.

I have great sympathy for small companies that have been treated in this way, but it does not alter the fact that the ultimate loser in these situations is the employee. Particularly tragic and sad cases come to my Office relating to the wife or partner and dependent children of construction employees who have died in service. Unpaid contributions mean that there is no death benefit payable from the scheme and no redress can be obtained where the construction company is now in liquidation or has simply ceased to exist.



Examples of customer cases
dealt with in 2012

Samplaí de chásanna
custaiméirí ar déileáladh
leo i 2012

4



Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012

Cás 1 Moill i gcás riaracháin

Is iarfhostaí í Carol de chuideachta seirbhísí airgeadais. Dúirt sí gur cuireadh moill gan chúis ar obair riaracháin a cuid sochar nuair a d'éirigh sí as a post agus nach raibh sí ag fáil freagairt shásúil ó na hiontaobhaithe maidir leis an imní a chuir sí in iúl dóibh.

Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis na hiontaobhaithe ar tóir eolais agus ba léir uaidh sin gurbh fhadhb í a bhain le soláthraí na scéime pinsin atá ar cheann de na soláthraithe is mó sa tír. Siocair a mhéad is atá sé tá rannóga faoi leith ann le haghaidh polasaithe pearsanta scéime pinsin agus le haghaidh scéimeanna pinsin corparáideacha.

Bhí na sochair phinsean ceirde a bhí dlite do Carol á riar ag rannóg chorparáideach an tsoláthraí agus bhí na sochair phearsanta a bhí dlite di á riar ag an rannóg eile. Cuireadh moill ar obair riaracháin a cuid sochar de bharr fadhbanna a bhain leis an gcumarsáid idir an dá rannóg.

Fiú nuair a bhí cúis na faidhbe sonraithe ní raibh ceachtar den dá rannóg sásta a rá gurbh uirthi amháin a bhí an fhreagracht maidir léi. Chuir gach aon rannóg acu an milleán ar an gceann eile maidir leis an moill. Níorbh fholáir a chuir ar a shúile don soláthraí gur chuma cé acu den dá rannóg ba chúis leis an moill go gcaithheadh an soláthraí an fhreagracht a ghlacadh ar deireadh thiar.

Go gairid i ndiaidh sin fuair amach gur thairg an soláthraí cúiteamh do Carol agus gur ghlac sise leis.

Cás 2 Foirceannadh Scéime

Ba comhalta iarchurtha é Dónal de scéim phinsin chuideachta theicneolaíochta a bhí

ar tí bheith foirceanta. Ciallaíonn comhalta iarchurtha duine atá scortha lena fhostóir ach nach bhfuil pinsean á fháil aige fós.

I luath-thréimhse d'fhoirceannadh na scéime chuir na hiontaobhaithe ráiteas tosaigh chuig Dónal maidir le sochar ionchasach maille le foirm chéadrogha ar a bhféadfadh sé an áit arbh fhearr leis go seolfaí an sochar chuige a chur in iúl. Roghnaigh Dónal an sochar a infheistiú i mBanna Ceannaigh-thar-barr-amach le ceann de sholáthraithe móra an mhargaidh Éireannaigh. Sheol sé ar ais an fhoirm céadrogha ag an am céanna agus í sínithe.

Tar éis do na hiontaobhaithe na ráitis tosaigh maidir le sochair ionchasaigh a sheoladh amach chuig na comhaltaí arbh eol dóibh bheith ann fuair siad amach go raibh comhaltaí eile ann a bhí i dteideal sochar faoin scéim i ngan fhios dóibh. Ós rud é go ndéanfadh líon breise na gcomhaltaí a bhí ann i ngan fhios dóibh difear do mhéideanna na sochar a bheadh iníoctha faoin scéim choimisiúnaigh na hiontaobhaithe saineolaí chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhaltas iomlán na scéime d'fhonn ainm a chur le gach duine arbh fhéidir go raibh sé bainteach léi.

Ar an drochuair maidir le Dónal ba phróiseas fada é sin agus ní raibh na hiontaobhaithe in ann na sochair a scaoileadh amach sula raibh sé curtha i gcrích. A fhad a bhí an próiseas sin ar siúl, bhí méadú suntasach ar phraghas aonaid an Bhanna Ceannaigh-thar-barr-amach a raibh Dónal ag iarraidh a chuid sochair a infheistiú. Níorbh fhéidir le Dónal aon tairbhe a bhaint as an méadú sa luach áfach de bhrí go raibh an sochar a bhí dlite dó faoi ghlas sa chiste pinsin; ní bheadh

Examples of customer cases dealt with in 2012

Case 1 Delayed administration

Carol is a former employee of a financial services company. When she retired from work, she claimed there had been an unnecessary delay in administering her benefits and that the trustees of her scheme were not giving her satisfactory answers to the concerns she raised.

My Office contacted the trustees and it became clear that the problem lay with the pension scheme provider which is one of the largest in the country. Due to its size, this provider has separate divisions for personal pension policies and corporate pension schemes.

Carol had occupational benefits that were being administered by the provider's corporate division and personal benefits that were being administered by the other division. The delay in the administration of her benefits had arisen because of communication problems between the two.

Even after the source of the problem had been identified, neither division would take responsibility for the problem, each division blaming the other for the delay. It was necessary to point out to the provider that it did not matter which division was responsible for the delay - ultimately, the provider would have to accept responsibility.

Shortly after making this point to the provider we learned that it had offered a generous compensation sum to Carol, which she accepted.

Case 2 Scheme wind up

Dónal was a 'deferred' member of a technology company's pension scheme that was being wound up. A 'deferred' member is someone who has left the employment but is not yet receiving a pension.

During the early part of the scheme wind up, Dónal received an initial statement of expected benefit from the trustees along with an option form for him to indicate the preferred destination for his benefit. Dónal chose to invest his benefit in a Buy out Bond with a major provider in the Irish market. He returned the signed option form immediately.

After the trustees had sent the initial statements of expected benefits to the known members of the scheme, they discovered there were other members that they had not known about, who were entitled to benefits under the scheme. As the existence of these previously unknown members could affect the benefits payable to all members, the trustees commissioned an expert to audit the scheme membership with a view to identifying all possible members of the scheme.

Unfortunately for Dónal, this process took a long time and the trustees could not release his benefit before the process was completed. While it was taking place, the unit price of the Buy out Bond where Dónal wanted to invest his benefit had increased significantly. Dónal, though, could not gain from the growth in value because his benefit was still locked away in the pension fund

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

aon athrú ar luach an chiste a bhí anois dí-infheistithe, i.e. athruithe go hairgead tirim agus dá bhrí sin ní raibh cos á choinneáil aige le hathruithe sa mhargadh. Chuir Dónal gearán chuig an Oifig faoi cé chomh fada is a bhíothas i mbun fhoirceannadh na scéime agus faoi cé chomh mall is a bhíodar ag scaoileadh a shochar leis an mBanna Ceannaigh-thar-barr-amach ba rogha leis.

Tig le próiseas foirceannadh scéim pinsin bheith an-fhada. Ní mór do na hiontaobhaithe sáriarracht a dhéanamh ainm a chur le comhaltaí uile na scéime ar a n-áirítear comhaltaí iarchurtha chomh maith le comhaltaí atá ag íoc ar bhonn gníomhach agus pinsinéirí atá ag fáil sochair cheana féin.

Níl aon fhráma ama maidir le scéim a fhoirceannadh sonraithe in Acht na bPinsean. Ní éilítear san Acht ach go ndéanfadh na hiontaobhaithe an scéim a fhoirceannadh gan "mhoill mhíchuí". Sa chás seo, níorbh fhéidir liom aon mhoill mhíchuí a chur i leith phróiseáil phríomhshochair Dhónail sa scéim tráth a rinneadh foirceannadh ar an scéim.

Ghoin sé m'aire áfach go raibh Ranníocaíochtaí Deonacha Breise (AVCanna) ag Dónal sa scéim freisin.

Rinneadh na ranníocaíochtaí sin a dhí-infheistiú go gairid i ndiaidh eisiúint an fhógra go rabhthas chun an scéim a fhoirceannadh, ach chuaigh ceithre mhí thart sular cuireadh na hAVCanna ar aghaidh go dtí comhairleoir airgeadais Dónail lena n-infheistiú sa Bhanna Ceannaigh-thar-barr-amach.

Ós rud é nach mbeadh aon tionchar ag iniúchadh an chomhaltais ar luach AVCanna Dónail, chinn mé nach raibh an

mhoill cheithre mhí inghlactha. D'ordaigh mé na hiontaobhaithe an difear idir luach na nAVCanna a infheistíodh sa Bhanna Ceannaigh-thar-barr-amach agus an luach a bheadh acu dá mba rud é gur infheistíodh ceithre mhí níos luaithe iad a íoc.

Cás 3 Aicme ÁSPC mícheart

Cuireadh in iúl don iarmhúinteoir Andrea díreach roimh scor go raibh sí ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC ag ráta Aicme A ar feadh 12 bliain nuair ba cheart di a bheith ag íoc ag ráta modhnaithe.

Íocann fostaithe sa tseirbhís phoiblí a chuir tús leis an bhfostaíocht tar éis 5 Aibreán 1995 ranníocaíocht ÁSPC ag an ráta Aicme A céanna agus fostaithe in earnálacha fostaíochta eile agus is féidir leo na sochair leasa shóisialaigh chéanna a éileamh agus na fostaithe sin, lena n-áirítear an Pinsean Stáit (Ranníocach). Bíonn an ranníocaíocht pinsean ceirde a íocann na fostaithe sin sa tseirbhís phoiblí (lena n-áirítear a ranníocaíochtaí ÁSPC) níos lú ná an méid a íocann na daoine a chuir tús lena bhfostaíocht roimh 5 Aibreán 1995. Íocann siadsan an ranníocaíocht ÁSPC ag an ráta modhnaithe ach ní bhíonn siad i dteidil na sochar sóisialach céanna.

Maidir le Andrea, de bhrí gur íoc sí na ranníocaíochtaí ag an ráta ÁSPC mícheart bhí an iomarca ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha aici agus ní raibh a dhóthain ranníocaíochtaí pinsean ceirde íoctha aici.

Bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna na ranníocaíochtaí pinsin a bhí fós gan bheith íoctha as cnapshuim scoir Andrea agus mhol di dul go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí chun

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

which had been 'disinvested' (this means converted to cash) and was, therefore, not keeping pace with changes in the markets. Dónal complained to me about how long it was taking to wind up the scheme and release his benefit to his chosen Buy out Bond.

The process of winding up a pension scheme can take a long time. The trustees must make significant efforts to identify all of the members of a scheme, including deferred members as well as members who are actively contributing, and existing pensioners who are already in receipt of benefits.

The Pensions Act does not specify a timeframe for winding up a scheme. The Act merely requires the trustees to wind up the scheme "without undue delay". In this case, I could not find any undue delay in the processing of Dónal's main scheme benefits on the wind up of the scheme.

However, it came to my attention that Dónal also had Additional Voluntary Contributions (AVCs) in the scheme. These contributions were disinvested very soon after the announcement that the scheme would be wound up, but it took the trustees over four months to pass the AVCs on to Dónal's financial advisor for investment in his Buy out Bond.

As the membership audit would not have any impact on the value of Dónal's AVCs, I determined that the four-month delay was unacceptable. I directed the trustees to pay the difference between the value of

the AVCs that were invested in the Buy out Bond and the value that they would have had if they had been invested four months earlier.

Case 3 Incorrect PRSI class

Andrea, a former teacher, was informed just before retirement that she had been paying PRSI contributions at the Class A rate for 12 years when she should have been paying at a modified rate.

Public servants who started their employment after 5 April 1995 pay PRSI at the same Class A rate as other employment sectors and can claim the same Social Welfare benefits as those employees, including the State contributory pension. The occupational pension contribution paid by these public servants (in addition to their PRSI contribution) is lower than that paid by those who started their employment prior to 5 April 1995, who pay the "modified rate" of PRSI contribution, but are not entitled to the same Social Welfare benefits.

For Andrea, the result of paying at the incorrect PRSI rate was that she had paid too much PRSI and had not paid enough in occupational pension contributions.

The Department of Education and Skills deducted all the outstanding pension contributions from Andrea's retirement lump sum and directed her to the Department of Social Protection for a refund of the overpaid PRSI.

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

an ró-íocaíocht maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC a fháil ar ais.

Ar an drochuair áfach athródh na rialacháin, rud a chiallaigh nach raibh de dhualgas ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ach na ranníocaíochtaí ÁSPC le haghaidh na ceithre bliana is déanaí a aisíoc.

Dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna na ranníocaíochtaí ÁSPC a d'íoc Andrea thar mar bhí dlite di a íoc a aisíoc cé gurbh é botún na Roinne ba chúis leis gur íoc Andrea ranníocaíochtaí ÁSPC ag an ráta mícheart.

Theip orthu an botún a thabhairt dá n-aire tráth a rinneadh dianscrúdú ar shochair Andrea cúpla bliain sula ndeachaigh sí ar scor.

Tháinig sé chun solais ina dhiaidh sin gur bhain na cúinsí céanna le múinteoirí eile - mná den chuid is mó, a bhí i ndáiríre "ath-iontrálaithe" sa tseirbhís, nó a bhí ag obair go páirtaimseartha nó nó i bpost sealadach sular tugadh buan dóibh.

Ar an drochuair, tá ceisteanna a bhaineann le haicmí ÁSPC taobh amuigh de mo dhlínse. Ba mhór an bhuairt a bhí orm áfach maidir le caillteanas airgid Andrea agus na ndaoine eile agus mhol mé don dá Roinn réiteach a fháil ar an gceist. Ar deireadh thiar, i ndiaidh don Oifig spreagadh breise a thabhairt, rinne an dú Roinn socrú i dteannta a chéile a thug aghaidh ar an bhfadhb.

Bhí siad ag íoc na ranníocaíochtaí ag an ráta Aicme A iomlán nuair ba cheart dóibh bheith ag íoc ag an ráta modhnaithe.

Is dócha go mbíonn ar líon suntasach d'fhostaithe i réimsí eile sa tseirbhís phoiblí

aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna ceannann céanna agus mholfainn do gach roinn Rialtais agus do gach gníomhaireacht Stáit seiceáil a dhéanamh ar na haimhrialtachtaí sin, mar a mhoille is atáthar ag tabhairt aghaidh ar an bhfadhb is ea is measa a bheidh sí ar deireadh.

De réir mo thaithí féin, is minic a dhéanann rialacha scéime neamhaird ar phleananna cosanta ioncaim agus ar na héifeachtaí atá acu, agus theipeann orthu foráil shonrach a dhéanamh do riarachán cuí sochar pinsin dóibh siúd atá ag fáil íocaíochtaí cosanta ioncaim.

Cás 4 Coimisiún

Is iarfhostaí í Bernadette de chuideachta dáileacháin. Le linn di bheith ag obair sa chuideachta, bhí sí ag fáil buntuarastal móide choimisiún feidhmíocht bhunaithe ina pápfaicéad. Chuir scéim pinsin na cuideachta sochair ar fáil bunaithe ar an tuarastal ag am scoir móide an meánhoimisiún sna trí bliana díreach roimh scor.

Faigheann go leor fostaithe íocaíocht i bhfoirm tuarastail móide choimisiún.

Is minic a chuireann scéimeanna pinsean ceirde sochar ar fáil atá bunaithe ar na híocaíochtaí rialta uile a fuair an fostaí lena n-áirítear tuarastal agus coimisiún.

Bhí sé de mhí-ádh ar Bernadette, gur bhuail tinneas í cúig bliana roimh an ghnáthaois scoir agus go raibh uirthi éirí as obair. An tráth a d'éirigh sí as bhí sí ag fáil liúntas míchumais ó scéim cosanta ioncaim na cuideachta, ach ní raibh sí ag fáil tuarastail nó coimisiúin. Chinntigh an scéim cosanta ioncaim nár chuaigh comhaltas Bernadette

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

Unfortunately for Andrea, a change in regulations meant that the Department of Social Protection was obliged to repay only the PRSI contributions for the most recent four years. The Department of Education and Skills would not refund Andrea's overpaid PRSI contributions even though it was the Department's mistake that she had paid PRSI at the wrong rate. They had failed to spot the mistake when an intensive examination of Andrea's benefits had taken place a few years before she retired. It later emerged that other teachers were in the same position – most were women, who were in reality "re-entrants" to the service, or who had been working in part-time or temporary jobs before becoming permanent.

Issues relating to PRSI class are outside of my jurisdiction. However, I had great concerns about the financial loss suffered by Andrea and the others and encouraged both Departments to come up with a solution. Eventually, after some further encouragement from my Office, an arrangement was reached between the Departments which addressed the problem.

It is probable that a significant number of public servants in other areas may also have to face the same issues and I would urge all Government Departments and State agencies to check for these anomalies, as the problem is likely to get worse if there is any delay in facing it.

Case 4 Commission

Bernadette is a former employee of a distribution company. Her pay package had included a flat salary and a performance-based commission. The company pension scheme provided benefits based on salary at retirement plus the average commission over the three years immediately before retirement.

Many employees receive payment in the form of salary and commission. Occupational pension schemes often provide benefits that are based on all regular payments received by the employee including both salary and commission.

Unfortunately for Bernadette, she became ill five years before her normal retirement age and had to give up work. At the time of her retirement, she was receiving a disability allowance from the company's income protection scheme but was not receiving salary or commission. The income protection scheme kept up Bernadette's membership of the pension scheme, so she was still an "active" member at the time of her retirement even though she had not been working for the previous five years.

The pension scheme administrators calculated Bernadette's retirement benefits using her salary from the time she had last worked and adjusted it for changes that had happened between then and her retirement date. They did not include any commission in the calculation of her benefits because she had not earned any commission since she had given up work due to illness.

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

sa scéim pinsin i léig sa chaoi is go raibh sí fós ina comhalta gníomhach ag am a scoir in ainneoin nach raibh sí ag obair ar feadh na cúig bliana roimhe sin.

Ríomh riarthóirí na scéime pinsin sochair scoir Bernadette ar bhonn an tuarastail a fuair sí an am deireanach a bhí sí i mbun oibre ach coigeartú a dhéanamh air sin chun athruithe a tharla idir sin agus an dáta scoir a chur san áireamh. Níor chuimsigh siad aon choimisiún in áireamh na sochair toisc nach raibh aon choimisiún tuillte aici ón uair a d'éirigh sí as obair de bharr tinnis.

Ba léir ó imscrúdú críochnúil a rinne an Oifig ar an scéim nach raibh tosca sonracha Bernadette clúdaithe faoi na rialacha. Ní raibh aon ní sna rialacha a thug tacaíocht don mhodh a ríomh riarthóirí na scéime sochair scoir Bernadette.

Chinn mé nár chúig do riarthóirí na scéime coigeartú a dhéanamh ar a tuarastal ón am a d'éirigh sí as obair agus gan coigeartú a dhéanamh ar an meánchoimisiún ar an mbealach céanna. D'ordaigh mé riarthóirí scéim pinsin sochair Bernadette a ríomh in athuair agus an meánchoimisiún coigeartaithe a chur san áireamh sa ríomh nua.

Cás 5 Athrú ar Ghnáthaois Pinsin

Cuimsíodh Claire i scéim pinsin ranníoca sainithe a bhí urraithe ag an bhfostóir i mí Lúnasa 1987. An aidhm a bhí leis an scéim sin ba ea pinsean a chur ar fáil do Claire a bheadh iníoctha a luaithe a bheadh 65 bliana slánaithe aici agus clúdach báis maille le sochar míchumais a sholáthar idir an dá linn.

Ghlac úinéir nua seilbh ar an gcuideachta. Choinnigh an eagraíocht nua an scéim phinsin ach tugadh isteach roinnt athruithe a bhain le leibhéal na ranníocaíochta. Chuir siad fógra amach chuig na comhaltaí ag an am sin.

Chuir an chuideachta nua in iúl don árachóir go rabhthas aontaithe faoi go laghdófaí an ghnáthaois pinsin ó 65 go 60 le héifeacht ó 1996. Dúirt Claire nár cuireadh an t-athrú sin in iúl di ag an am.

Nuair a bhí an 60 bliain d'aois slánaithe ag Claire, ní dheachaigh an fostóir ná údarás na scéime pinsin i dteagmháil léi maidir leis an scor agus ní dhearnadh dada maidir le híocaíocht sochar scéime.

Rinneadh Claire iomarcach nuair a bhí sí 62 bliana d'aois agus tairgeadh íocaíocht láithreach pinsin di. Chuir sí gearán chuig an Oifig ag líomhain go raibh an gnáthaois pinsin athraithe faoin scéim i ngan fhios di agus gur fhulaing sí cailteanas maidir le sochar pinsin dá bharr.

Dheimhnigh an t-imscrúdú:

- Nach raibh aon fhianaise ann a léirigh gur cuireadh an t-athrú ar ghnáthaois an phinsin in iúl do Claire ach gur tugadh le fios sna ráitis sochair bhliantúla a fuair sí tar éis dháta an athraithe gurbh í 60 bliain d'aois an gnáthaois pinsin faoin scéim.
- Ní dhearnadh aon bheart maidir leis an dul ar scor nuair a bhí an 60 bliain slánaithe aici agus níor cuireadh stop le ranníocaíochtaí scéime pinsin ach oiread.

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

A thorough examination of the scheme by my Office revealed that the rules did not cover Bernadette's specific situation. There was nothing in the rules to support the way the scheme administrators had calculated Bernadette's retirement benefits.

I determined that it was not appropriate for the scheme administrators to choose to adjust her salary only from the time that she stopped working and not to adjust her average commission in the same way. I directed the administrators of Bernadette's pension scheme to recalculate her benefits and to include her adjusted average commission in the new calculations.

In my experience, scheme rules often ignore the existence and effects of income protection plans, and fail to make specific provision for the proper administration of pension benefits to those in receipt of income protection payments.

Case 5 Change in Normal Pension Age

Claire was included in an employer-sponsored, defined contribution pension scheme in August 1987. This scheme was to provide Claire with a pension payable from age 65 and death and disability benefit cover in the meantime.

The company was taken over. The new organisation kept the pension scheme, but introduced some changes relating to contribution levels. They notified members at the time.

The insurer was advised that it had been agreed to reduce the normal pension age from 65 to 60 with effect from 1996. Claire stated that she was not advised of this change at the time.

When Claire reached age 60, neither her employer nor the pension scheme authorities contacted her regarding her retirement and nothing was done about paying out scheme benefits.

When Claire was made redundant at 62, she was offered immediate payment of a pension. She submitted a complaint to my Office alleging that the normal pension age had been changed under the scheme without her knowledge and that she suffered loss of pension benefit as a result.

The investigation established that:

- There was no evidence to show that Claire was informed of the change in normal pension age but the annual benefit statements she received after the date of the change showed the normal pension age under the scheme to be 60.
- No action was taken to retire her at age 60, nor did pension scheme contributions stop.

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

- I gcás Claire níor cuireadh an t-athrú go 60 bliain d'aois ar an ngnáthaois pinsin faoin scéim i bhfeidhm iarbhir agus dá bhrí sin ní raibh aon tionchar aige ar an sochar deireanach a fuair sí faoin scéim. D'fhabhraigh na sochair a fuair sí faoin scéim ranníoca shainithe di ar bhonn leanúnach a fhad is a bhí sí fostaithe.

Níorbh fhéidir seasamh leis an ngearán de bhrí nach raibh aon laghdú ar shochair Claire faoin scéim. Níor cuireadh an t-athrú chun feidhme ina cás. Lean sí léi i mbun oibre agus íocadh ranníocaíochtaí isteach sa scéim ar a son tar éis don 60 bliain a bheith slánaithe aici. Íocadh sochair di faoin scéim pinsin sula raibh na 65 bliana slánaithe aici de bhrí go ndearnadh iomarcach í ag 62 bhliain d'aois. Níor cuireadh an laghdú ar ghnáthaois an phinsin i bhfeidhm riamh ina cás.

Cás 6 Rátaí blianachta ráthaithe

Ba chomhalta aonair é Benjamin de scéim a bhí urraithe ag na gcuideachta; bhí an fostóir ag gníomhú mar iontaobhaí. Infheistítí na ranníocaíochtaí leis an scéim i gconradh brabúsáraithe a raibh rátaí blianachta ráthaithe ag baint leis - shainigh iadsan an ráta ag a n-athrófaí caipiteal carntha go pinsean ag am scoir.

Leagadh amach na rátaí blianachta sa doiciméad polasaí bunaidh.

Ba é tuiscint Benjamin go mbeadh feidhm ag na rátaí blianachta ráthaithe a bhí luaite sa doiciméad polasaí bunaidh ar an gciste iomlán a bhí carntha aige ar éirí as dó. Sula ndeachaigh sé ar scor iarbhir áfach, chuir na hárachóirí in iúl dó go ndearnadh dhá athrú ráta ó dháta tosaigh an pholasaí

a raibh tionchar acu ar ranníocaíochtaí todhcháiocha agus méadaithe. Chuir siad fógra amach chuig bróicéirí, custaiméirí agus iontaobhaithe ag am na n-athruithe.

De thoradh na n-athruithe sin bheadh rátaí difriúla i bhfeidhm maidir le roinnt codanna difriúla de chiste Benjamin ag an aois scoir agus gheobhadh sé pinsean níos lú ná mar a gheobhadh dá mbeadh feidhm ag na rátaí bunaidh i leith an chiste ar fad.

Ní féidir leis an Oifig rialacha aon scéim pinsin a athrú nó aon chur isteach a dhéanamh ar choinníollacha an pholasaí, ach is féidir léi imscrúdú a dhéanamh ar riarachán na scéime lena chinntiú go bhfuil an sochar á riar de réir na rialacha agus na coinníollacha sin.

Le linn dom imscrúdú a dhéanamh sa chás seo, d'fhéach mé le heolas agus soiléiriú a fháil ó na hárachóirí maidir le coinníollacha an pholasaí, leis an bpróiseas riaracháin, agus leis na fógraí a seoladh amach chuig na hiontaobhaithe maidir leis na hathruithe ráta.

Rinne na hárachóirí athbhreithniú ar chás Benjamin agus d'admhaigh go raibh fadhbanna leis an bpróiseas riaracháin. Ghlac siad leis nach raibh sainmhíniú na cumhachta a bhí acu coinníollacha an pholasaí a athrú déanta mar arbh fhearr leo go mbeadh sé agus nach raibh nochtadh na n-athruithe ar na rátaí a cuireadh amach chuig na hiontaobhaithe sách soiléir.

Sa chás seo, chuir na hárachóirí tairiscint socraíochta faoi bhráid Benjamin – chuirfí an ráta bunaidh i bhfeidhm maidir lena chiste iomlán, rud a thabharfadh dó an leibhéal pinsin a raibh súil aige ón fhaisnéis sa doiciméad polasaí.

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

- The change in the scheme's normal pension age to 60 was not actually implemented in Claire's case and, therefore, the change had no effect on her eventual benefit from the scheme. She continued to accrue benefits under the defined contribution scheme while was employed.

This complaint could not be upheld because Claire did not suffer any reduction in benefits under the scheme. The change was not applied to her. She continued working and contributions were paid into the scheme for her after age 60. The pension scheme benefits became payable to her before age 65 because she was made redundant at 62. The reduction in normal pension age had never applied in her case.

Case 6 Guaranteed annuity rates

Benjamin was the sole member of a company-sponsored scheme, with the employer acting as trustee. The scheme contributions were invested in a with-profits insured contract that had guaranteed annuity rates – these defined the rate at which accumulated capital would be turned into pension on retirement. The annuity rates were set out in the original policy document.

Benjamin's understanding was that, on retiring, the guaranteed annuity rates quoted in the original policy document would apply to his entire accumulated fund. However, before his actual retirement, the insurers advised that there had been two

rate changes since the policy started which affected future and increased contributions. They had notified brokers, customers and trustees at the time the changes happened.

The result of these changes meant that different annuity rates would apply to several separate parts of Benjamin's fund at retirement and that he would receive a lower pension than if the original rates were applied to his entire fund.

My Office cannot change the rules of any pension scheme nor interfere with the policy conditions, but we can examine the scheme's administration to make sure that the benefit is being managed in accordance with those rules and conditions.

In examining this case, I looked for information and clarification from the insurers about the policy conditions, the administration process and the notifications sent to the trustees about the rate changes.

The insurers reviewed Benjamin's case and acknowledged that there had been problems with the administrative process. They accepted that their power to alter the policy conditions was not as well-defined as they would have liked and that the disclosure of the rate changes was not communicated clearly enough to the trustees.

In this case, the insurers made a settlement offer which Benjamin accepted whereby the original guaranteed annuity rate would be applied to his entire fund, giving him

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

Ba mhór ag an Oifig comhoibriú na nárachóirí i ndáil le réiteach a fháil ar an gcás.

Cás 7 Asbhaint riaráistí ranníocaíochta as aisce scoir eárnála poiblí

Is gnách go mbíonn socrú pinsin seirbhíse poiblí comhdhéanta de dhá scéim comhpháirte - an scéim aoisliúntais a sholáthraíonn sochair scoir, agus scéim Céilí agus Leanaí a chuireann pinsin ar fáil do chleithiúnaí má bhásann an comhalta, roimh nó tar éis scoir.

Nuair a d'éirigh Orla as obair sa tseirbhís phoiblí, cuireadh in iúl di go raibh riaráistí ranníocaíochta dlite di faoi Scéim na gCéilí agus na Leanaí i leith tréimhse ama a raibh sí ag obair lena linn sular ghlac sí ballraíocht sa scéim. Baineadh an méid i gceist as a haisce scoir.

Dhearbhaigh Orla nár dúradh riamh léi go raibh riaráistí dlite di agus nár tugadh an deis di – mar ba chóir- na riaráistí a íoc trí asbhaintí tuarastail nuair a ghlac sí ballraíocht sa scéim.

Mhínigh an Oifig di go mbeadh sí fós faoi iachall na riaráistí ranníocaíochta a íoc is cuma ar tugadh nó nár tugadh an deis di iad a ghlanadh níos luaithe. Mar sin féin rinneamar an cás a imscrúdú lena chinntiú go ndearnadh an asbhaint óna aisce scoir mar ba chóir.

Faoi Scéim na gCéilí agus na Leanaí ba chóir rogha a thabhairt do na comhaltaí aon riaráistí ranníocaíochta a ghlanadh laistigh de thrí mhí ón lá a ghlac siad ballraíocht.

Is féidir ceann amháin de dhá bhealach a roghnú chun riaráistí a íoc. Is féidir:

glacadh le hasbhaint thréimhsiúil de 1.5% den tuarastal reatha maidir le gach bliain a bhfuil riaráiste dlite ina leith;

nó

glacadh le hasbhaint aonuaire de 1% den tuarastal deiridh as an aisce scoir maidir le gach bliain a bhfuil riaráiste dlite ina leith.

Sa chás seo, rinneadh riaráistí Orla a ríomh de réir an dara modh.

D'iarr an Oifig ar an bhfostóir a cás a athbhreithniú ó tharla nach raibh sí ar an eolas faoi na riaráistí nuair a ghlac sí ballraíocht sa scéim agus, dá bhrí sin, nár tugadh an deis di iad a íoc ag an am. Chuireamar in iúl freisin go raibh cinneadh déanta maidir lena macasamhail de chásanna ag an Ombudsman Pinsean.

Tar éis an cás a athbhreithniú, cuireadh in iúl don fhostóir go mbeadh méid na riaráistí a bheadh dlite di níos lú dá dtairgtí di rogha na hasbhainte tréimhsiúla.

Dá thoradh sin d'aontaigh an fostóir úsáid a bhaint as an modh ríofa sin agus fuair Orla aisíoc de bheagnach a leath den méid a baineadh as a haisce scoir.

Cás 8 Sochar báis i gcomhréir le doiciméid scéime

Ba chomhalta Frank de scéim sochair shainithe a bhí á foirceannadh. I ndiaidh an fhoirceanta cuireadh in iúl dó go n-aistreofaí a theidlíocht ar shochar sainithe go dtí plean eile agus go gcuirfí an sochar báis i seirbhís ar fáil faoin bplean ranníoca sainithe nua.

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

the level of pension he expected from the information in the policy document.

My Office appreciated the co-operation shown by the insurers in resolving the case.

Case 7 Deduction of contribution arrears from public sector retirement gratuity

Public service pension arrangements usually have two component schemes – a Superannuation Scheme which provides retirement benefits, and a Spouses' and Children's Scheme, which provides pensions for dependants on the member's death, before or after retirement. When Orla retired from public service, she was advised that she owed contribution arrears under the Spouses' and Children's Scheme, in respect of a period of time she had worked before joining the scheme. The amount in question was deducted from her retirement gratuity.

Orla maintained that she had never been told that arrears were due and that she had not been given the opportunity – as she should have been – to settle the arrears by way of salary deductions when she joined the scheme.

My Office explained that Orla would still have had to pay arrears of contributions regardless of whether or not she had been given an opportunity to clear the arrears earlier. However, we examined her case to make sure that the deduction from her retirement gratuity had been made correctly.

Under the Spouses' and Children's Scheme, members should be given the option to clear any contribution arrears within three months of joining.

Arrears can be paid in one of two ways. Either:

as a periodic deduction of 1.5% of current salary for each back year owed;

or

as a once-off deduction from the retirement gratuity of 1% of final salary for each back year owed.

In this case, Orla's arrears had been calculated using the second method.

My Office asked Orla's employer to review her case in light of the fact that Orla had not been informed of the arrears when she joined the scheme and, therefore, had not been given an opportunity to pay them at the time. We also pointed out that similar cases had been determined by the Pensions Ombudsman.

Following the review, Orla's employer was advised that the amount of arrears due would be less if the option of periodic deductions had been offered.

As a result, the employer agreed to use this method of calculation and Orla got a refund of almost half of what had been deducted from her retirement gratuity.

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

Bhí na comhaltaí mearaithe faoi chiall na cumarsáide a cuireadh chucu maidir le méid an chnapshuim báis-i-seirbhís a bhí ar fáil. Sa chéad fhógra a fuair Frank cuireadh in iúl dó go gcuirfí clúdach ar leibhéal ab ionann agus a cheithre oiread a thuarastail ar fáil dó. B'ionann sin agus an chlúdach a bhí ar fáil faoin scéim roimhe sin.

Cuireadh in iúl dó ina dhiaidh sin áfach gurbh earráid é sin agus nach mbeadh sé anois i dteideal ach clúdach ab ionann agus tuarastal faoin scéim nua. Mar chomhartha dea-mhéine thabharfaí sochar báis-i-seirbhís ionann is a cheithre oiread a thuarastal do Frank agus do roinnt comhaltaí eile as sin go ceann dháta na hathnuachana dar gcionn. Ina dhiaidh sin más rud é go mbeadh sé fós ag iarraidh an leibhéal clúdaigh níos airde ionann is a cheithre oiread an tuarastail bheadh air ballraíocht a ghlacadh i scéim pinsin ranníoca sainithe an fhostóra agus ranníocaíochtaí pinsin a íoc.

Ní raibh aon fonn ar Frank ballraíocht a ghlacadh sa scéim nua agus dúirt gur chóir go mbeadh sé i dteideal an leibhéal céanna clúdaigh agus a cuireadh ar fáil faoin tseanscéim shochair shainithe. Bhí sochair dlite dó cheana féin faoin scéim sin.

Rinne an Oifig athbhreithniú ar na doiciméid a chuir Frank agus a fhostóir ar fáil. Cuireadh in iúl don fhostóir nach ndearnadh foráil ar leith maidir leis an leibhéal clúdaigh níos ísle a bhain le cás Frank nó le cásanna chomhaltaí eile na scéime i ngníomhas rialaithe na scéime ranníoca sainithe nua ag an am sin. Dhealraigh sé go raibh sé iarbhír i dteideal an leibhéal chlúdaigh níos airde.

Chuaigh an fostóir sa tóir ar chomhairle dhlíthiúil faoin gceist agus d'aontaigh gurbh amhlaidh an cás. D'aontaigh an fostóir an leibhéal sochar báis-i-seirbhís níos airde, ionann agus a cheithre oiread a thuarastal, a chur ar fáil do Frank as sin go ceann na gnáthaoise scoir 65 bliana d'aois.

Ní raibh an gearán seo ina ábhar imscrúdaithe. Baineadh úsáid as idirghabháil. Chomhoibrigh na páirtithe go huile, rud a d'fhág go ndearnadh an gearán a réiteach i bhfabhar Frank.

Cás 9 An difear a dhéanann íocaíocht sochar míchumais do shochair scoir

Mhaigh Vincent go raibh an figiúr tuarastail ar baineadh úsáid as i ríomh a shochair scoir mícheart. Dar leis ba é an figiúr ba chóir a bheith ann in áit an fhigiúir sin méid an tuarastail a thuill sé sular éirigh sí as obair faoi scéim míchumais na cuideachta ach é formhéadaithe de 5% in aghaidh na bliana go dtí an dáta scoir.

Bhí tuairim agus súil Vincent bunaithe ar litir a fuair sé ó chomhairleoirí pinsin na scéime sular cuireadh tús le híocaíochtaí ó scéim na cuideachta. Scríobhadh sa litear sin:

... dá n-éireofá as obair anois faoin scéim míchumas bheadh an pinsean a gheobhadh tú nuair a bheadh an 60 bliain d'aois slánaithe agat bunaithe ar do thuarastal lena n-áirítear formheadú ag ráta 5% iolraithe in aghaidh na bliana.

Rinne an Oifig athbhreithniú ar dhoiciméid agus ar leabhráin rialaithe na scéime mar chuid den imscrúdú. Ba léir go raibh an fhaisnéis a tugadh do Vincent sa litir

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

Case 8 Death benefit in accordance with scheme documents

Frank was a member of a defined benefit scheme which was winding up. On the wind up, Frank was informed that his defined benefit entitlement would be transferred to a different defined benefit and his death-in-service benefit would be provided under the new defined contribution plan.

The communication to members about the level of death-in-service lump sum available was confusing. The first notice that Frank received indicated that the level of cover provided would equal four times his salary. This was the same as the cover under the previous scheme.

However, Frank was later advised that this was an error and he would only be entitled to cover equal to one year's salary under the new scheme. As a gesture of goodwill, death-in-service benefit of four times his salary would be extended for Frank and a number of other members until the following renewal date. After that, if he wanted the higher cover of four times his salary, he would need to join the employer's defined contribution pension scheme and make pension contributions.

Frank did not wish to join the new scheme and claimed that he should be entitled to the same level of cover that had been provided under the old defined benefit scheme. He already had benefits under that scheme.

My Office reviewed the documents provided by Frank and his employer. It was pointed out to the employer that the governing deed for the new defined contribution scheme did not, at that time, make separate provision for the lower level of cover in respect of Frank or the other members of the scheme. It appeared that Frank was, in fact, entitled to the higher level of cover.

The employer sought legal advice on the matter and agreed that this was the case. The employer agreed to provide Frank with the higher level of death-in-service benefit equal to four times his salary until his normal retirement age of 65.

This complaint was not the subject of an investigation. Mediation was used and the parties co-operated fully, which led to the resolution of the complaint in favour of the complainant.

Case 9 Effect of payment of disability benefits on retirement benefits

Vincent claimed that the salary figure used to calculate his retirement benefits was incorrect. He believed the figure should have been the salary he earned before he was accepted for disability benefit from the company's disability scheme (increased by 5% a year to the date of retirement).

Vincent's belief and expectation was based on a letter he received from the scheme's pension consultants before payment from the company's disability scheme had begun. This letter stated:

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

mícheart. Mar sin féin, bhí ríomh an tsochair scoir ceart agus i gcomhréir le forálacha na scéime – ní raibh formhéadú ar an tuarastal roimh mhíchumas ina fhoráil den scéim.

Bhí teorainn lenarbh fhéidir do Vincent a dhéanamh nuair a rinneadh an fáthmheas ar a thinneas. Níorbh fhéidir leis leanúint i mbun oibre; bheadh cead an fhostóra de dhíth le haghaidh an luathscoir agus bhí íocaíocht an tsochair mhíchumais faoi réir fhormheas na cuideachta árachais. Ní raibh an dara rogha ag Vincent. Deonaíodh an sochar míchumais i ndiaidh do fhrithgheallaithe na scéime glacadh le fianaise liachta agus dá bhrí sin, ní raibh aon tionchar ar an ábhar ag an litir ó chomhairleoirí na scéime pinsin.

Is cinnte go riabh drochriarachán i gceist sa chás seo sa mhéid is gur tugadh faisnéis mhícheart do Vincent maidir leis an gcaoi ar caitheadh lena shochair scoir a fhad is a bhí sé ag fáil sochair faoi pholasaí na híocaíochta míchumais. Níor fulaing sé aon chaillteanas airgid áfach ós rud é go bhfuair sé an méid a raibh sé ina theideal ó cheart faoin scéim. Sin an fáth nár seasadh leis an ngearán.

Cás 10 Sócmhainneacht scéime agus a tionchar sin ar luach aistrithe

Sa chás seo, bhí Angela den tuairim nach raibh sé ag fáil cothrom na féinne i gcomparáid le comhalta eile den scéim pinsin, Mary, i bhfianaise an luach aistrithe a luadh dó agus an méid a íocadh le Mary, ag cur san áireamh nach raibh ach fad cúpla lá idir an dá bheart. Is é is luach aistrithe ann luach reatha an tsochair scoir ag pointe áirithe ama i gcúrsa na scéime.

Léirigh an amlíne, arna dheimhniú ag an árachóir gurbh é an t-iarratas ar an luach aistrithe ó Angela agus an t-iarratas ar shochair luathscoir ó chomhalta eile ag teacht i sála a chéile a thug an spréach a chuir faoi deara go ndearnadh seiceáil sócmhainneachta ar an scéim. Léiríonn seiceáil sócmhainneachta cibé acu atá nó nach bhfuil cistí na scéime in ann a ndlíteanais a riar mar a leagtar amach in Acht na bPinsean. Faoi láthair, bíonn de chúram ar achtúire deimhniú bliantúil maidir le sócmhainneacht scéime a chur ar fáil ach déantar seiceálacha níos minice má tá na coinníollacha infheistíochta ag dul i ndonacht nó má tá méadú gan choinne ar líon na n-íocaíochtaí amach ón scéim. Más amhlaidh atá d'fhéadfadh sé gur ghá luachanna aistrithe a laghdú.

Sa chás seo chuaigh an comhairleoir iontaobhaí agus na hiontaobhaithe féin i mbun gnímh de réir chomhairle an achtúire, is é sin cinneadh gur ghá an luach aistrithe a laghdú. Dá bhrí sin laghdaíodh luach aistrithe Angela sular íocadh leis é ar an ábhar gurbh é leibhéal sócmhainneachta na scéime a rialaigh leibhéal na luachanna aistrithe iníoctha.

Bhí an doiciméadú uile i ndáil le híocaíocht an luacha aistrithe iomláin sínithe ag an iontaobhaí. Níor laghdaíodh an luach aistrithe ach amháin i ndiaidh comhairle a fháil ón achtúire maidir le staid na sócmhainneachta.

Bhí an t-uainiú maidir le hiarratas Angela ríthábhachtach. Ní raibh aon bhaint ag íocaíocht an luacha aistriúcháin iomláin do Mary lena chás. Go deimhin, dá ndéantaí sochar Mary a phróiseáil ag dáta níos

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

... if you were to go out on disability now, when you reach age 60, your pension would be based on your salary including escalation at a rate of 5% compound per annum.

My Office reviewed the governing documents and booklets of the scheme as part of our investigation. It was clear that the information given to Vincent in the letter was wrong. However, the calculation of his retirement benefits was right and was in accordance with the scheme provisions – escalation of the pre-disability salary was not a provision of the scheme.

Vincent's options were limited once he was diagnosed with his illness. He could not continue to work; employer consent would have been needed for early retirement; and the payment of the disability benefit was subject to approval by the insurance company. The disability benefit was granted on medical evidence being accepted by the scheme's underwriters and therefore the letter from the pension scheme's consultants had no bearing on the matter.

There was certainly poor administration in this case, in that wrong information was given to Vincent about the treatment of his retirement benefits while he received benefit from the disability payment policy. However, he had not suffered any financial loss as he received his correct entitlement under the scheme. The complaint, therefore, was not upheld.

Case 10 Scheme solvency and effect on transfer value

In this case, Angela believed that she had been treated unfairly in comparison to another member of the pension scheme, Mary, in terms of the transfer value quoted to her and that paid to Mary within days of each other. The transfer value is the current value of retirement benefit at a particular point in the scheme.

The timeline, confirmed by the insurer, indicated that it was a combination of the request for the transfer value from Angela and the request for early retirement benefits from another member of the scheme that triggered a solvency check in the scheme. A solvency check shows whether or not the scheme's funds can meet its liabilities as set out in the Pensions Act. At present, an actuary has to provide annual certification regarding the solvency of a scheme, but more frequent checks are done if investment conditions disimprove or if there is an unexpected number of payouts from the scheme. In these conditions, transfer values may need to be reduced.

In this case, the trustee adviser and the trustees acted on the actuary's advice which was that the transfer value had to be reduced. Angela's transfer value was, therefore, reduced before being paid to her as the solvency level of the scheme dictated the level of transfer values payable.

All documentation had been signed by the trustee in relation to payment of the full transfer value. The transfer value was

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

deireanaí, is dóigh go laghdófaí a sochair ise chomh maith céanna.

An cor chun donais sna margáí infheistíochta agus a chinnte is atá sé go mbeadh na hiontaobhaithe agus a gcuid comhairleoirí ar an eolas faoin dtitim i luach na gcistí, go háirithe ó fhómhar na bliana 2008 ar aghaidh, curtha san áireamh, ba chóir an déileáil le hiarratais aistrithe bheith déanta ar bhealach i bhfad níos cúramaí.

D'fhéadfadh foláireamh go mb'fhéidir go mbeadh gá le laghdú bheith ina chuid de fhreagra tosaigh na n-iontaobhaithe ar aon iarratas ar aistriú fiú sula ndearnadh aon ríomh athbhreithnithe.

Laghdaíodh luach aistrithe Angela áfach mar gheall ar an titim shuntasach i margáí na bpinsean a raibh tionchar uafásach aici ar shócmhainneacht na scéime. Mar sin, cé nach raibh caighdeán na cumarsáide chomh maith agus ar chóir dó bheith níorbh fhéidir seasamh leis an ngearán.

Cás 11 Siardhátú pinsean easláinte

Deonaíodh pinsean easláinte do Jonathan ach dúirt sé gur cheart an pinsean a bheith siardhátaithe go dtí an dáta a chuir sé isteach air i gcéaduair.

Léirigh an doiciméadú a ndearna an Oifig athbhreithniú air mar chuid den imscrúdú gur deonaíodh pinsean easláinte a nuair a d'fhág an fostaí seirbhís; bhí an nós sin bunaithe ar fhorálacha na scéime. Níor scoir Jonathan de bheith fostaithe ach amháin nuair a d'éirigh sé as mar gheall ar easláinte. Bhí feidhm ag a chonradh fostaíochta go dtí an dáta sin. Dá bhrí sin níorbh fhéidir pinsean easláinte a íoc ach amháin ón dáta sin.

Rinne dochtúir oifigiúil seachtrach na cuideachta imscrúdú ar thuarascálacha liachta a chuir comhairleoir leighis Jonathan ar fáil. Ba léir ó na tuairimí a nocht an dochtúir oifigiúil seachtrach gur mheas comhairleoir leighis Jonathan, cé go raibh forais easláinte ann arbh údar scoir iad, nach leor iadsan chun na téarmaí a bhí leagtha amach i bhforálacha na scéime a shásamh.

Deonaíodh an pinsean easláinte ar achomharc faoi phróiseas achomhairc na cuideachta tar éis tuairim eile leighis a iarradh agus tar éis do chomhairleoir leighis Jonathan tuarascáil bhreise a chur ar fáil.

Níor seasadh leis an ngearán agus, dá bhrí sin, cuireadh tús leis an bpinsean easláinte ón dáta ar deonaíodh é faoi phróiseas achomhairc na cuideachta.

Cás 12 Ragobair agus pinsin aoisliúntais

Cuir Eric gearán chuig an Oifig ag líomhain nach gceadódh a fhostóir, Údarás Áitiúil, íocaíochtaí ragoibre i ríomh pinsin aoisliúntais. Bhain an ragobair le hobair athchóirithe ar choimpléasc tithíochta mar ar aistríodh fostaithe ó stóras amháin go dtí stóras eile lena linn ar feadh ré an tionscadail. Ba é cinneadh na comhairle contae gur ghanntanais foirne ba chúis leis gur theastaigh an ragobair agus, dá bhrí sin, nach raibh sí incháilithe chun bheith cuimsithe i ríomh pinsean aoisliúntais.

Tá Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil neamhghnách sa mhéid is go bhfuil ragobair ceadaithe bheith inphinsin ar chor ar bith, ach forchuirtear coinníollacha dochta faoin Scéim nach mór a bheith ann má tá sí le

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

reduced only after the actuary had advised of the solvency position.

The timing of Angela's application was crucial. Payment of the full transfer value to Mary had no bearing on her case. In fact, if Mary's benefits had been processed at a later date, it is quite likely that her benefits might also have been reduced.

Given the downturn in the investment markets and the fact that the trustees and their advisers would have been aware of the fall in the value of funds, particularly from autumn 2008, trustees should have been more cautious in dealing with transfer requests.

The trustees' initial response to any request for a transfer could have included a warning that a reduction might apply, even before any revised calculations were done.

However, Angela's transfer value suffered a reduction due to the significant fall in the investment markets which had a drastic effect on the scheme's solvency. So, while the standard of communication was not as good as it should have been, the complaint could not be upheld.

Case 11 Backdating ill-health pension

Jonathan was granted an ill-health pension but claimed that the pension should have been backdated to the date when he originally applied for it.

The documentation my Office reviewed as part of the investigation showed that,

based on the provisions of the scheme, an ill-health pension was granted only when the employee left service. Jonathan ceased to be employed only when he retired due to ill-health. His contract of employment ran up to that date. Therefore, an ill-health pension could only be paid from that date.

The company's external medical officer examined medical reports provided by Jonathan's medical consultant. It was clear from comments made by the external medical officer that Jonathan's medical consultant considered that, although there were grounds for retirement on ill-health, these were not sufficient to satisfy the terms set out in the scheme provisions.

The ill-health pension had been granted on appeal after a further medical opinion was sought and a further report was provided by Jonathan's medical consultant.

The complaint was not upheld and, therefore, the ill-health pension started from the date it had been granted under the appeals process.

Case 12 Overtime and superannuation pensions

Eric complained to my Office alleging that his employer, a Local Authority, would not allow overtime payments in the calculation of a pension. The overtime related to the refurbishment of a housing complex, where employees from one depot were transferred to another depot for the duration of the project. The county council concluded that the overtime arose from staff shortages and,

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

bheith curtha san áireamh. Tá achran ag baint le cuimsiú ragoibre i ríomh pinsean aoisliúntais maidir le hoibríthe i gcomhairlí contae ar fud na tíre i bhfianaise líon na ngearán a thagann isteach faoin ábhar. An fhadhb sna cásanna sin is ea conas Ciorclán 12/91 a léirmhíniú. Déileálann an ciorclán le ceist chuimseachán na ragoibre agus leagtar amach ann conas ba chóir na rialacha measúnaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn a dheimhniú cibé acu atá nó nach bhfuil an ragobair a cuireadh i gcrích inchuimsithe i ríomh pinsean aoisliúntais.

Le go mbeidh ragobair incháilithe le bheith cuimsithe i bpinsean aoisliúntais, ní mór go mbeidh sí ina cuid de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta. I bhfocail eile, caithfidh sé gur ragobair éigeantach a bheidh inti agus ní mór na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

- Ní bheidh an dara rogha ag an oibrí agus ní cheadófar dó diúltú don obair.
- Beidh an obair tráthrialta agus athfhillteach.
- Ní féidir an obair a dhéanamh ach amháin taobh amuigh de na gnáthuaireanta.
- Ní féidir gur gantannas foirne is cúis leis an obair.

Baineann na gearáin a thagann isteach leis an malairt tuairime atá ann idir fostóirí agus oibríthe sa chomhairle contae faoi cad atá incháilithe mar ragobair chun críche ríomh pinsean aoisliúntais.

Mar Ombudsman, is cásanna iadsan a dtéann sé rite réiteach a fháil orthu a dhifriúla le chéile is a bhíonn an dá pháirtí ina smaointeoireacht. Is é an cur chuige atá ag

an Oifig go leor iarratas ar bhreis faisnéise a chur amach agus na doiciméid uile atá ar fáil a shoiléiriú agus a mheas d'fhonn teacht ar réiteach.

Tháinig réiteach na faidhbe sa chás áirithe seo i bhfoirm ríomhphoist ó Chléireach na nOibreacha (ar son an ailtire) chuig Roinn Acmhainní Daonna na comhairle contae á rá nár cheart go mbeadh na fostaithe lena mbaineann thíos leis toisc gurbh ionann méid na n-uaireanta a oibríodh agus an méid a d'oibreofaí dá ndéantaí an obair sa stóras bunaidh. Bhí an obair a rinneadh sa stóras bunaidh rangaithe mar obair incháilithe le haghaidh pinsin.

Léirigh an ríomhphost sin go raibh an lucht bainistíochta aontaithe an ragobair sin a chuimsiú faoi théarmaí agus faoi choinníollacha na n-oibríthe ag an láithreán i gceist. Ba léir go raibh ráiteas na comhairle contae gur theastaigh an ragobair mar gheall ar ghanntanas foirne ag teacht salach ar an gcomhaontú a bhí ann idir ailtire an chontae agus na hoibríthe ag an láithreán. Dá réir sin bhí an ragoibair a rinneadh anois ina cuid de téarmaí agus de choinníollacha fostaíochta Eric agus measadh í bheith cuimsithe ina chonradh fostaíochta.

Dá mba rud é nár nochtadh an ríomhphost ó Chléireach na n-Oibreacha le linn an imscrúdaithe, seans nárbh fhéidir liom an gearán a réiteach i bhfabhar Eric.

I gcás eile, d'éiligh gearánaí go mbeadh ragobair maidir le huairéanta oibre a d'oibrigh sé de bhrí go raibh sé ina shealbhóir eochrach d'áitreabh na comhairle contae cuimsithe i ríomh a pinsean aoisliúntais. Dhiúltaigh an chomhairle contae don

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

therefore, was not eligible for inclusion in pension calculations.

The Local Government Superannuation Scheme is unusual in allowing for overtime to be pensionable at all, but imposes strict conditions which must be present if it is to be taken into account. The inclusion of overtime in pensions for county council workers across the country is troublesome judging by the number of complaints I receive on the matter. The problem in these cases is how Circular 12/91 is interpreted. This deals with the inclusion of overtime and outlines how the assessment rules should be applied in order to establish whether overtime worked is eligible for inclusion in the calculation of a pension.

In order for overtime to be eligible for inclusion in a superannuation pension, it must be part of the terms and conditions of employment. In other words, it must be compulsory overtime and it must fulfill all the following conditions:

- The worker has no choice in the matter and cannot refuse to do the work.
- The work must be regular and recurring.
- The work can only be done outside normal hours.
- The work cannot be due to staff shortages.

The complaints I receive relate to differences of opinion between county council employers and workers about what is eligible overtime for a pension.

As an Ombudsman, I find that these cases are difficult to resolve, as both parties differ greatly in their thinking. The approach by my Office involves making many requests for further information and clarification and assessing all the available documents to arrive at a solution.

The key to resolving this particular case was an email from the Clerk of Works (on behalf of the architect) to the HR Department of the county council, stating that the employees concerned should not be treated differently to their colleagues at the depot, as the hours worked were the same as if they had worked from the original depot. In the original depot, overtime worked there was classed as eligible for pension.

This email showed that management had agreed to include this overtime within the terms and conditions of the workers on this site. The county council's claim that the overtime occurred due to staff shortages clearly contradicted the agreement in place between the county architect and the workers on the site. As such, the overtime worked was now part of Eric's terms and conditions of employment and could be deemed to have been included in his contract of employment.

If the email from the Clerk of Works had not been disclosed to the investigation, I might not have been able to resolve the complaint in Eric's favour.

In another case, Jack sought inclusion of overtime in his pension for hours worked

Samplaí de chásanna custaiméirí ar déileáladh leo i 2012 (ar lean)

éileamh ar an ábhar nach raibh an ragobair éigeantach agus gurbh fhéidir leis an bhfostaí lena mbaineann í a dhiúltú.

Rinne an Oifig imscrúdú agus cinneadh gurbh é an gearánaí an t-aon bhall foirne a raibh eochair an áitribh ina sheilbh aige leis na blianta fada agus murar oscail sé an áitreabh go luath do lucht seachadta earraí nó murar fhan sí ann go dtí uaireanta deiridh an lae nuair a bhí innealra ag filleadh ar ais nach raibh aon duine eile ar fáil chun an jab a dhéanamh. Chuir mé an cheist caidé arbh fhéidir leis an gcomhairle contae bheith ag súil leis go dtarlódh dá ndiúltaíodh an fostaí an ragobair a dhéanamh. B'fhéidir gurbh fhearr don chomhairle contae eochracha a eisiúint chuig roinnt de na fostaithe ar an ábhar go dtabarfadh sin le fios go raibh an ragobair roghnach toisc go bhféadfadh daoine eile iad féin a chur ar fáil chun an jab a dhéanamh.

Sheas mé leis an ngearán i bhfabhar an ghearánaí de bhrí go raibh seisear den tuairim nach raibh de rogha aige ach a bheith ar fáil chun an obair sin a dhéanamh. Mura ndéanadh bheadh an áitreabh fágtha dúnta agus, dá bhrí sin, b'éigeantach i ndáiríre an ragobair a rinneadh.

Faightear réiteach ar go leor cásanna den chineál céanna trí idirghabháil agus molaim na comhairlí contae as an gcomhoibriú a rinneadar leis an Oifig. Go deimhin, i roinnt cásanna inar dheimhnigh mé go soiléir gur chóir go mbeadh an ragobair curtha san áireamh ghlac na comhairlí contae leis an gcomhairle neamhfoirmiúil sin agus rinne cinneadh athbhreithnithe chun sástachta an ghearánaí agus na comhairle.

Examples of customer cases dealt with in 2012 (continued)

due to the fact that he was the keyholder for a county council premises. The council refused the claim as it held that the overtime was not compulsory and that the employee concerned could have refused to do it.

On investigation, I found that Jack was the only staff member with the key to the premises for many years, and that if he did not open up early for deliveries, or stay late when machinery was returning, there was nobody else available to do the job.

I asked what the county council would have expected to happen had Jack had refused to do the overtime. It might have been better if the county council had issued a number of employees with keys - this would have signalled that the overtime was optional as others could have made themselves available to do the job.

I upheld the complaint in Jack's favour, as he believed that he had no option but to make himself available to do this work. The premises would otherwise have remained closed and, therefore, the overtime performed was, in fact, compulsory.

Many cases of a similar nature are resolved through mediation and I compliment the county councils for their co-operation with my Office. In fact, in a number of cases where I have established clearly that the overtime should be included, the county councils have accepted my informal advice and have made a revised decision to the satisfaction of both the complainant and the council concerned.



Financial Accounts for 2012

Cuntais Airgeadais don bhliain 2012

5



Cuntais Airgeadais don bhliain 2012

An Clár Ábhair

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	88
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean	92
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	94
Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta	96
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, 2012	98
Ráiteas maidir le Gnóthachan agus le Cailteanas Aitheanta Iomlána, 2012	100
An Clár Comhardaithe, 2012	102
Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais	104

Financial Accounts for 2012

Table of Contents

Report of the Comptroller and Auditor General	89
Statement of Responsibilities of the Pensions Ombudsman	93
Statement on Internal Financial Control	95
Statement of Accounting Policies	97
Income and Expenditure Account, 2012	99
Statement of Total Recognised Gains and Losses, 2012	101
Balance Sheet, 2012	103
Notes to the Financial Statements	105

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Oifig an Ombudsman Pinsean

Tá ráitis airgeadais Oifig Fhear an Phobail um Pinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 iniúchta agam de réir Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasáíochta dá bhforáiltear ansin, Ráiteas na bPolasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn an ullmhúcháin ina ndlí infheidhme agus is é an Cleachtas Cuntasáíochta a nGlactar i gCoitinne leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean

Tá an tOmbudsman Pinsean freagrach as ullmhúchán na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíorcheart ar staid chúrsaí agus ar ioncam agus ar chaiteachas na gOifige agus as a chinntiú go ndéantar na hidirbhearta mar is ceart.

Freagrachtaí Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

I é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a dhéanamh fúthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim an t-iniúchadh faoi threoir na n-imthosca speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déanaim an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus i gcomhlíontas na gCaighdeán Eiticíúil d'iniúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise leordhóthanach a bhailiú i leith na méideanna agus an nochtá sna ráitis airgeadais le go mbeidh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid eile is cúis leis. Áirítear leis sin measúnú ar:

- oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta do na himthosca a bhaineann le hOifig an Ombudsman Pinsean, agus measúnú ar ar cuireadh i bhfeidhm go comhréireach agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht meastúcháin shuntasacha chuntasáíochta a rinneadh le linn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais tríd is tríd.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais a ullmhaíodh go cuí de réir an Chleachtas Chuntasáíochta a nGlactar i gCoitinne leis in Éirinn léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Oifig an Ombudsman Pinsean an 31 Nollaig 2012 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Tá mé mo thuairim gur choinnigh Oifig an Ombudsman Pinsean leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Report of the Comptroller and Auditor General

Office of the Pensions Ombudsman

I have audited the financial statements of the Office of the Pensions Ombudsman for the year ended 31 December 2012 under the Pensions Act 1990, as amended. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the Statement of Accounting Policies, the Income and Expenditure Account, the Statement of Total Recognised Gains and Losses, the Balance Sheet and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is applicable law and Generally Accepted Accounting Practice in Ireland.

Responsibilities of the Pensions Ombudsman

The Pensions Ombudsman is responsible for the preparation of the financial statements, ensuring that they give a true and fair view of the state of the affairs of the Office and of its income and expenditure and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

